

**Measúnachtaí Náisiúnta 2010
ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic
i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc
trí Mheán na Gaeilge**

Achoimre Tuarascála

**Gerry Shiel, Lorraine Gilleece,
Aidan Clerkin, agus David Millar**

An Foras Taighde Ar Oideachas

*Measúnachtaí Náisiúnta 2010
ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic
i Scoileanna a bhíonn ag Teagasc
trí Mheán na Gaeilge*

Achoimre Tuarascála

Cóipcheart 2011, An Foras Taighde Ar Oideachas, Coláiste Phádraig, Áth Cliath 9
<http://www.erc.ie>

Sonraí don chatalógú-i-bhfoilsíú

Shiel, Gerry

Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc trí Mheán na Gaeilge
Achoimre tuarascála.

Baile Átha Cliath: An Foras Taighde Ar Oideachas

iv, 42 p., 30 cm

Eolas beathaisnéiseach san áireamh.

1. Léitheoireacht (Bunleibhéal) – Éire – Meastóireacht
2. Matamaitic (Bunleibhéal) – Éire – Meastóireacht
3. Gnóthachtáil acadúil
4. Suirbhéanna oideachasúla – Éire

2011

I Teideal II Shiel, Gerry

371.9262 dc23

ISBN: 978 0 900440 33 5

Foilsithe i bPoblacht na hÉireann

Clár

Réamhrá	iii
Caibidil 1: Comhthéacs an Staidéir	1
Caibidil 2: Creataí don Mheasúnú agus Modheolaíocht	6
Caibidil 3: Torthaí Gnóthachtála	13
Caibidil 4: Proifíl Daltaí agus a dTeaghlach.....	18
Caibidil 5: Proifíl Scoileanna agus Ranganna	23
Caibidil 6: Béarla agus Matamaitic – Teagasc agus Foghlaim	28
Caibidil 7: Gnóthachtáil a Thuiscint	33
Caibidil 8: Moltaí	38
Foinsí	41

Réamhrá

I 2009, rinne An Foras Taighde Ar Oideachas measúnachtaí náisiúnta ar léitheoireacht Bhéarla agus ar mhatamaitic thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (mar a bhí). Samplaí ionadaíoch náisiúnta de scoileanna agus de dhaltáí, Scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta san áireamh, a bhí i gceist sna measúnachtaí. Níorbh fhéidir, áfach, sa tuairisciú ar thorthaí (féach Eivers et al., 2010a), meastacháin ar leith a sholáthar ar an ngnóthachtáil do scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge, mar bhí líon na scoileanna agus na ndaltaí óna leithéid de scoileanna sa sampla ró-bheag. Dá bhrí sin, iarradh ar an bhForas measúnachtaí náisiúnta a chur i bhfeidhm ar shamplaí ionadaíoch de Scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i 2010. Déanann an tuarascáil seo achoimre ar thorthaí mheasúnuithe 2010 i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, agus déantar iad a chur i gcomparáid le measúnachtaí náisiúnta 2009. Tá fáil ar eolas breise maidir leis na torthaí seo agus ar mholtaí ábhartha eile i bpríomhthuarascáil an staidéir (Gilleece, Shiel, Clearkin & Millar, 2011).

Ba iad na haidhmeanna do mheasúnachtaí 2010 ná:

- caighdeáin reatha sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic do dhaltáí i rang a Dó agus a Sé i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge a aimsiú, agus iad seo a chur i gcomparáid leis na caighdeáin náisiúnta i gcoitinne;
- sonraí ardcháilíochta iontaofa a chur ar fáil ar féidir leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna úsáid a bhaint astu in athbhreithniú agus i bhforbairt polasaí agus do chinntí maidir le hacmhainní a dháileadh ar réimsí na léitheoireachta Béarla agus na matamaitice;
- eolas agus comhairle a chur ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí chun tacú le pleanáil scoile a fheabhsóidh teagasc agus foghlaim na léitheoireachta Béarla agus na matamaitice
- toscaí a aithint a bhaineann le teagasc na léitheoireachta Béarla i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge;
- iniúchadh a dhéanamh ar thréithe scoile, múinteora, cúlra baile agus dalta, mar aon le modheolaíochta teagasc go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghnóthachtáil na léitheoireachta Béarla agus na matamaitice;
- bonn a chruthú don chomparáid le gnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic anseo amach.

Le deich mbliana anuas, agus go háirithe i ndiaidh an fhoilseacháin ar Imlitir 0044/2007 (ROS, 2007)¹, tharla an-chuid díospóireachta ar éifeachtaí an lántumtha i luathbhlianta na bunscolaíochta, agus ar na buntáistí a bhaineann le tús a chur le teagasc na léitheoireachta i mBéarla nó i nGaeilge. Níl an staidéar seo dírithe ar eolas a sholáthar maidir leis na ceisteanna seo. Is é cuspóir an staidéir seo, áfach, ná comparáid a dhéanamh idir ghnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic thar na scoileanna éagsúla, mar aon leis na toscaí sin a aithint a bhaineann leis na ngnóthachtáil sna réimsí spéise –Scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta. Tugann measúnachtaí náisiúnta pictiúr ar chruthúnas ag am faoi leith, agus níl sé i gceist meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht a bhaineann le modheolaíochtaí éagsúla do theagasc teanga. Níor dáileadh daltaí ar scoileanna go randamach, agus níor cuireadh san áireamh scoileanna a bhí ann cheana (ag teacht isteach) ná luathghnóthachtáil sa léitheoireacht. Níor deineadh aon iarracht tréithe daltaí go mb'fhéidir go raibh an scoil fágtha acu roimh rang a

¹ D'éiligh an Imlitir ar scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge (Scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta) 2.5 uaireanta Béarla a mhúineadh gach seachtain ó, ar a laghad, an dara téarma sna Naíonáin Sóisir. Rinne an Roinn Oideachais agus Scoileanna an Imlitir a aistharraingt in Eanáir, 2010.

Sé a iniúchadh. Seachas é sin, ardaíonn an staidéar reatha ceisteanna ar féidir dul i ngleic leo ag baint úsáide as taighde turgnamhach nó modheolaíochtaí oiriúnacha eile.

Forbhreathnú ar an Tuarascáil

Tá an tuarascáil roinnte thar 8 gcaibidlí. Tugann Caibidil 1 comhthéacs leathan do Mheasúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge (NAIMS), ina dtugtar freisin athbhreithniú ar mheasúnachtaí náisiúnta a rinneadh cheana lena leithéid de scoileanna páirteach iontu. Déanann Caibidil 2 cur síos ar chreataí na dtrialacha agus ar mhodheolaíocht an tsuirbhé. Tugann Caibidil 3 gearrchuntas ar na torthaí gnóthachtála ó NAIMS, mar aon le comparáidí a dhéanamh le Measúnachtaí Náisiúnta 2009 ar Mhatamaitic agus ar Bhéarla i mbunscoileanna. Déantar cur síos ann ar an ngnóthachtáil ar leibhéal inniúlachta agus ar na difríochtaí sa ghnóthachtáil idir buachaillí agus cailíní. Déanann Caibidil 4 próifiliú ar dhaltaí agus a muintir. Déantar cur síos ar thréithe na dteaghlach (stádas imirceach agus cúlra socheacnamaíoch san áireamh), an timpeallacht oideachasúil sa bhaile, dearcaidh thuismitheoirí agus dhaltaí i leith na Gaeilge, agus na cúiseanna go roghnaíonn tuismitheoirí scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge mar aon lena bpleananna do scolaíocht iar-bhunoideachais a bpáiste. Tugann Caibidil 5 próifíl ar na scoileanna agus na múinteoirí. Clúdaítear tréithe scoile, páirtíocht mhúinteoirí i bhforbairt ghairmiúil, soláthar tacaíochta foghlama, acmhainní foghlama ag leibhéal scoile, measúnú agus aischothú, agus polasaí scoile ar an ord ina ndéantar tús na léitheoireachta a mhúineadh. Déanann Caibidil 6 cur síos ar theagasc agus ar fhoghlaim an Bhéarla agus na matamaitice i seomraí ranga, ag clúdach gnéithe ar nós pleanáil don teagasc, teanga an teagaisc i ranganna matamaitice, na hacmhainní a úsáideann múinteoirí, agus an úsáid ar uirlisí neamhchaighdeánaithe don mheasúnú. Déanann Caibidil 7 iniúchadh níos géire ar na comhcheangail idir athróga scoile, múinteora agus dalta mar aon le gnóthachtáil i gcomhthéacs samhlacha il-leibhéal don ghnóthachtáil. Tá moltaí le fáil i gCaibidil 8.

Buíochas

Tá An Foras Taighde ar Oideachas faoi chomaoin ag an gCoiste Náisiúnta Comhairleach a cheap an tAire Oideachais agus Scileanna chun cuidiú leis an bhForas Measúnachtaí Náisiúnta 2009 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic, mar aon leis an staidéar reatha, a chur i bhfeidhm. Ba iad baill an Choiste ná: Carmel Nic Airt (An Foras Pátrúnachta), Dónal Ó hAiniféin (Gaelscoileanna), Mark Candon (CPSMA), Deirbhile Nic Craith (CMÉ), John Curran (LPÉ)(ionadaithe ag Aedín Ní Thuathail ó Dheireadh Fómhair 2011), Arlene Forster (CNCM), Áine Lynch (NPC-P), agus Ciara O'Donnell (SFGM) (ionadaithe ag Mary Manley ó Dheireadh Fómhair 2011). Ba iad Margaret Kelly, Pádraig Mac Fhlannchadha (Cathaoirleach go dtí Iúil 2011) agus Caitríona Ní Bhriain (Cathaoirleach ó Lúnasa 2011) ionadaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is iad foireann an FTO ar an gCoiste ná Emer Eivers agus na húdair ar an tuarascáil seo.

Bunaíodh Grúpa Oibre chun comhairle a chur ar an bhForas maidir leis na mionathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na ceistneoirí a bhí in úsáid le Measúnachtaí Náisiúnta 2009 lena n-oiriúnacht a dheimhniú don staidéar reatha. Tá buíochas ag dul do Bhaill an Ghrúpa seo, Pádraig Ó Duibhir (Coláiste Phádraig, Droim Conrach), Tina Hickey (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), agus Marina Ní Threasaigh (An Roinn Oideachais agus Scileanna). Tá buíochas ag dul do Nick Sofroniou dá chúnadh le Caibidil 7

Tá buíochas ag dul d'fhoireann an FTO, ar a n-áirítear Peter Archer (Stiúrthóir), Mary Rohan, Paula Chute, John Coyle, Emer Eivers, Caoimhe Máirtín, agus Hilary Walshe. I ndeireadh báire, gabhaimid buíochas le príomhoidí scoile, múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí a bhí páirteach sa staidéar seo.

Caibidil 1

Comhthéacs an Staidéir

Tá athbheochan na Gaeilge mar phríomhchuspóir polasaí ag rialtais i ndiaidh a chéile ó bunaíodh an Stát i 1921. Snáithe tábhachtach den pholasaí seo ná an tacaíocht don Ghaeilge mar mheán teagaisc i scoileanna. I 1934, thug an Roinn Oideachais faomhadh don mholadh i nDara Clár Náisiúnta na Comhdhála, a éiligh go múinfeadh gach múinteoirí scoile trí mheán na Gaeilge i ranganna na naíonán, mar aon le stair, tíreolaíocht, ceol agus corpoideachas a mhúineadh trí Ghaeilge i ranganna eile. Le deireanaí, is é an polasaí don oideachas dátheangach ná tacú le teagasc trí mheán na Gaeilge i scoileanna i gceantair Ghaeltachta ('scoileanna Gaeltachta'), agus i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ('Scoileanna Lán-Ghaeilge' nó SLG) mar a mbíonn tuismitheoirí ag éileamh go mbeadh a bpáistí á múineadh trí Ghaeilge. Léiríonn doiciméid polasaí ar nós *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge* (Rialtas na hÉireann, 2006) agus an *Stráitéis 20-Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Rialtas na hÉireann, 2010)¹ tacaíocht leanúnach don oideachas trí mheán na Gaeilge ag leibhéal réamhscoile, bunscoile, agus meánscoile. Déanann an tAcht Oideachais (1998) tagairt don sainról a bhíonn ag scoileanna Gaeltachta 'chun cuidiú leis na nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail' (Rialtas na hÉireann, 1998, Alt 9h).

Ní haon ionadh é, lena leithéid d'ionchas, go mbíonn spéis go leanúnach sna caighdeáin ghnóthachtála i scoileanna ina mbíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga teagaisc. I staidéar mórshuntais ar thionchair an oideachais dátheangach, a rinneadh sular bunaíodh formhór na SLG, léirigh Macnamara (1966) gur tháinig íslíú ar leibhéal réiteach fadhbanna sa mhatamaitic do dhaltaí i rang a Cúig mar thoradh ar theagasc na matamaitice trí mheán na Gaeilge dóibh siúd a raibh Béarla mar mháthair theanga acu, cé nárbh ionann an scéal don mheabhairuimhríocht. Thug Macnamara le fios go bhféadfadh teagasc trí mheán na teanga níos laige ag duine dátheangach cur leis an tearcfheidhmíocht. Tugadh dúshlán ina dhiaidh sin do thorthaí Macnamara nuair a chuir Cummins (1977) cás chun cinn a dúirt, toisc go ndearna an staidéar comparáid idir an cruthúnas ag daltaí a bhí ag foghlaim Béarla mar chéad theanga (T1) ar leagan Béarla de thriail réiteach fadhbanna le daltaí a bhí ag foghlaim Gaeilge mar dhara theanga (T2) ar leagan Gaeilge den triail, go bhféadfadh cumas matamaitice a bheith measctha le cumas ar ábaltacht a léiriú nuair a tharlaíonn an tástáil trí mheán na teanga níos laige (Gaeilge).

Thuairiscigh Macnamara freisin go raibh an fheidhmíocht ar léitheoireacht Bhéarla ag cainteoirí dúchasacha Gaeilge (daltaí i scoileanna Gaeltachta) i rang a Cúig go mór chun deiridh ar chainteoirí dúchasach Béarla a rugadh in Éirinn, 13 mí ar aois léitheoireachta Béarla, agus thart ar 30 mí chun deiridh ar dhaltaí i Sasana.

Ó cuireadh staidéar Macnamara i láthair, tháinig fianaise chun cinn ó roinnt staidéar idirnáisiúnta maidir leis na buntáistí a bhaineann le hoideachas dátheangach agus le tumoideachas, go háirithe lántumadh mar atá sa chomhthéacs Ceanadach Francach (m.sh., Genessee, 1987; Lambert, Genessee, Holobow & Chartrand, 1993; Turnbull, Hart and Lapkin, 2000; Bourton-Trites and Reeder (2001). Ina leithéid de staidéir, is minic go mbíonn daltaí i dtumchláir chun deiridh i léitheoireacht Bhéarla i luathghráid an bhunoideachais, ach go dtagann said ar aghaidh agus go sáraíonn said grúpaí comparáideacha den chineál

¹ Thug an comhrialtas reatha Fine Gael-Lucht Oibre faomhadh don phlean 20-bliain ina gclár comhphleanála: *Clár an Rialtais 2011-2016* (Márta, 2011).

céanna faoi chríoch na bunscolaíochta dóibh. Tuairiscíodh torthaí den chineál céanna i gcoitinne ó staidéar a rinne Parsons agus Liddy (2009) ar mhionscála in Éirinn.

Bhí torthaí eile bainteach freisin le hoideachas dátheangach. I meitea-anailís de 63 staidéar a rinneadh i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe (dátheangaigh ‘cothrom’ i ngach cás), fuair Adesope, Lavin, Thompson and Ungerleider (2010) amach go raibh tionchar dearfach i gcoitinne ag an dátheangachas ar raon toisí cognaíoch a n-áirítear feasacht meititheangach, feasacht meiteachognaíoch, réasúnaíocht theibí agus shiombalach, smacht na haire, agus réiteach fadhbanna. Tá sé mar hipitéis maidir lena lán de na scileanna seo go n-eascraíonn said ón solúbthacht chognaíoch a fhorbraíonn nuair a bhítear ag plé le dhá theanga ag an am céanna.

Le déanaí, tá an díospóireacht in Éirinn dírithe ar ghnéithe ar nós lántumadh seachas páirt-thumadh sna luathbhlianta den scolaíocht Lán-Ghaeilge (m.sh., Ó hAiniféin, 2008), agus ar chóir tús a chur le teagasc na léitheoireachta i nGaeilge nó i mBéarla (Ní Bhaoill & O’Duibhir, 2004; NCCA, 2007).

Measúnachtaí Náisiúnta Atá Déanta Cheana

Ó thús na 1970í tá measúnachtaí náisiúnta ar ghnóthachtálachtaí i mbunscoileanna á ndéanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (mar atá anois). Tá a bhformhór, na Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i 2009 (MN 2009) san áireamh, bunaithe ar shamplaí náisiúnta ionadaíoch a raibh daltaí ó scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Ar an iomlán, sna staidéir seo, bíonn an líon scoileanna agus daltaí a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge sách beag (i.e., i gcomparáid lena n-ionadaíocht sa spriocphobal), agus dá réir sin, níorbh fhéidir tuairisciú ar thorthaí ar leith do SLG agus do scoileanna Gaeltachta. Cásanna eisceachtúla a bhí sna staidéir sin a dhírigh mar sprioc ar scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge amháin, nó ar SLG agus ar ‘Ghnáthscoileanna’ araon (féach Tábla 1.1).

Tábla 1.1: Measúnachtaí náisiúnta déanta cheana ina raibh samplaí ó scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge

Bliain	Réimse(i)	Spriocghrúpa(i)	Tuairisc
1982	Gaeilge labhartha	Rang a Dó	Harris (1984)
1985	Gaeilge labhartha	Rang a Sé	Harris & Murtagh (1987, 1988)
1988	Léitheoireacht Bhéarla	Rang a Cúig	Dept. of Education (1991)
2002	Gaeilge labhartha, Léitheoireacht Ghaeilge	Rang a Sé	Harris et al. (2006)

Sa Mheasúnú Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla, i 1988, clúdaíodh sampla de dhaltai rang a Cúig i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla mar aon le gach dalta i rang a Cúig i SLG. Rinneadh triail chaighdeánaithe ar ghnóthachtáil léitheoireachta a riar ar an dá ghrúpa. Ba é an meánscore do dhaltai i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla ná 59.2, agus 66.1 a bhí mar mheánscore do dhaltai i SLG. Bhí an difríocht a bhí fábharch do SLG (thart ar aon-leath de dhiall caighdeánach) suntasach ó thaobh staitistice. Sa léirmhíniú ar an toradh níos láidre, i gcoitinne, do léitheoireacht an Bhéarla i SLG, rinneadh tagairt sa tuairisc do stádas socheacnamaíoch níos fearr a bheith ag daltaí a bhí ag freastal ar SLG, mar aon le cóimheas múinteoirí is daltaí níos fábharaí, cé nach raibh na toscaí seo bainteach go córasach leis an ngnóthachtáil.

I 2002, rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta coimisiú ar mheasúnú náisiúnta ar labhairt na Gaeilge agus ar léitheoireacht Ghaeilge i rang a Sé i SLG, scoileanna Gaeltachta, agus i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla. Ar thriail 25-mír ilroghnach sa léamhthuisct, a riaradh ar gach ceann den trí shampla, d’éirigh le daltaí i SLG

meánscór ceatadán-ceart i bhfad níos airde (85%) a ghnóthú ná mar a fuair daltaí i scoileanna Gaeltachta (71%) agus i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla (39%)². Ar thriail 90-mír sa léamhthuiscint ina raibh míreanna ilroghnacha agus freagairtí comhthógtha, a riaradh ar dhaltaí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge amháin, d'éirigh le daltaí i SLG meánscór a bhí i bhfad níos airde a ghnóthú, os cionn an tríú cuid de dhiall caighdeánach, ná mar a fuair daltaí i scoileanna Gaeltachta.

Rinneadh na measúnuithe náisiúnta is déanaí ar dhaltaí bunscoile a chur i bhfeidhm i 2009 (MN 2009), agus bhain siad seo le trialacha ar léitheoireacht Bhéarla agus ar mhatamaitic a riar i ranganna a Dó agus a Sé (Eivers et al., 2010a). Toisc gur i 2009 don chéad uair a rinneadh na rangleibhéil seo a chur san áireamh i measúnú náisiúnta, ní raibh sé indéanta ceangail a bhunú le measúnuithe náisiúnta ó thréimhsí níos luaithe. Is é an fiúntas a bhaineann le staidéar 2009 i gcomhthéacs an staidéir reatha ná gur féidir comparáidí a dhéanamh maidir le cruthúnas sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic ag daltaí i scoileanna Gaeltachta agus i SLG leo siúd ag daltaí i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán an Bhéarla³ i MN 2009, ní hamháin ó thaobh gnóthachtála, ach maidir le tréithe scoileanna, ranganna agus daltaí.

Roinnt Toscaí Bainteach le Gnóthachtáil sa Léitheoireacht agus sa Mhatamaitic

Sa chuid seo, déantar cur síos ar raon toscaí a aithníodh i staidéir thaighde a rinneadh cheana agus a raibh baint acu le gnóthachtáil sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic.

Stádas Socheacnamaíoch

Tá fianaise láidir ón taghde maidir le ceangal idir stádas socheacnamaíoch agus léitheoireacht. Anseo in Éirinn, deimhníonn staidéir ar léitheoireacht Bhéarla i mbunscoileanna (Eivers, Shiel, Perkins & Cosgrove, 2005; Eivers et al., 2010a) go n-ardaíonn an ghnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla de réir mar a ardaíonn an stádas socheacnamaíoch (bunaithe mar ghnáthnós ar ghairmeacha tuismitheoirí nó ar a leibhéal oideachais).

Ina staidéar ar léitheoireacht Ghaeilge i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, léirigh Harris et al. (2006), i gcás SLG, gur thuairiscigh nach mór dhá oiread teaghlach go raibh céim tríú leibhéal ag tuismitheoir amháin ar a laghad seachas mar a bhí sna scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla. Os a choinne sin, tuairiscíonn nach mór dhá oiread tuismitheoirí dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán an Bhéarla leibhéal oideachais ag nó faoi bhun an Teastas Shóisearaigh i gcomparáid le SLG. Chuir Harris et al. (2006) fianaise ar fáil freisin go bhfeidhmíonn éifeacht comhthéacs i SLG, ar a laghad maidir le léitheoireacht Ghaeilge, mar éiríonn i bhfad níos fearr le daltaí a bhíonn ag freastal ar a leithéid de scoileanna nach mbíonn buntáistí teangeolaíochta, sóisialta ná oideachais acu (ar nós ardleibhéil oideachais ag tuismitheoirí) i léitheoireacht na Gaeilge i gcomparáid le daltaí i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán an Bhéarla a mbíonn a leithéid de bhuntáistí acu.

² Neamhchosúil leis an staidéar reatha, rinne Staidéar na Gaeilge i mBunscoileanna 2002 sampláil ar gach scoil Ghaeltachta; díríonn an staidéar reatha ar scoileanna a bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc iontu.

³ Bhí níos lú ná 5% de scoileanna sna measúnachtaí náisiúnta i 2009 a tarraingíodh ó na scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge agus is ionann, nach mór, na torthaí do na scoileanna uile sna measúnachtaí le torthaí na scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla (féach Caibidil 2).

Inscne

Nuair ba léir cheana difríochtaí inscne i measúnachtaí náisiúnta ar léitheoireacht Bhéarla agus ar mhatamaitic, ní raibh said ró-shuntasach. I Measúnachtaí Náisiúnta 2009, bhí an meánscore don léitheoireacht iomlán ag cailíní i rang a Dó go mór chun cinn ar bhuaicill le 14 scórphointe breise, nó díreach os cionn an ceathrú cuid de dhiall caighdeánach. I rang a Sé, bhí cailíní chun tosaigh ar bhuaicill le 4 scórphointe breise don léitheoireacht iomlán – difríocht nach raibh suntasach ó thaobh staitistice. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ó thaobh inscne sa mhóriomlán don mhatamaitic ag ranganna a Dó ná a Sé.

I Measúnachtaí Náisiúnta 2002 ar labhairt agus ar léitheoireacht na Gaeilge i rang a Sé, thar trí chineál scoile, d'éirigh i bhfad níos fearr le cailíní sa léitheoireacht Ghaeilge i SLG, i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla ná mar a d'éirigh le buaicill (Harris et al., 2006).

An Teanga Labhartha sa Bhaile

I MN 2009, d'aimsigh Eivers et al. (2010a) teanga an mheasúnaithe mar phríomhchúinse bainteach leis an ngnóthachtáil. D'éirigh i bhfad níos fearr le daltaí i rang a Dó a labhair Béarla/Gaeilge sa bhaile (90% den sampla) sa léitheoireacht Bhéarla le trí-cúigiú de dhiall caighdeánach, agus sa mhatamaitic le dhá-chúigiú de dhiall caighdeánach ná iad siúd a labhair teanga eile sa bhaile. Ag leibhéal ranga a Sé, d'éirigh níos fearr le daltaí a labhair Béarla/Gaeilge sa bhaile (94%) ná iad siúd a labhair teanga eile, le ceithre-cúigiú de dhiall caighdeánach sa léitheoireacht (a bhí suntasach ó thaobh staitistice) agus le haon-chúigiú de dhiall caighdeánach sa mhatamaitic (nach raibh suntasach).

I Harris et al. (2006), bhí meánscore níos airde ag daltaí i SLG, a raibh ardleibhéil chumais ag a dtuismitheoirí i labhairt na Gaeilge, ar thriail léitheoireachta Gaeilge ná mar a bhí ag daltaí nach raibh ach bunchumas nó gan aon chumas Gaeilge ag a dtuismitheoirí. I scoileanna Gaeltachta sa staidéar, d'éirigh níos fearr le daltaí a raibh a dtuismitheoirí ina gcainteoirí dúchasacha Gaeilge ná mar a d'éirigh le daltaí a raibh leibhéal chumais níos ísle ag a dtuismitheoirí.

Príomhphointí

- Tugann measúnuithe náisiúnta ó thréimhsí níos luaithe roinnt léargas ar an gcruithnas ag SLG. I Measúnachtaí Náisiúnta 1988, d'éirigh i bhfad níos fearr sa léitheoireacht Bhéarla le daltaí i SLG ná mar a d'éirigh lena gcomhpháirtithe i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla. Tá suntas ar leith ag baint le Measúnuithe Náisiúnta 2009 ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (MN 2009) don staidéar reatha toisc go ndéantar, i scoileanna ina mbíonn an teagasc trí mheán na Gaeilge, gnóthachtálacha sna réimsí seo a thagarmharcáil i gcoinne na ngnóthachtálacha ag sampla náisiúnta daltaí i MN 2009.
- Léiríonn taighde a rinneadh i gCeanada Francach go n-éiríonn go maith faoi dheireadh na bunscolaíochta le daltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna a mbíonn polasaithe láidre tumoideachais acu sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic, cé go mb'fhéidir go mbíonn an dul chun cinn i léitheoireacht an Bhéarla níos moille sna luathghráid. Tacaíonn staidéar beag a rinneadh in Éirinn (Parsons & Liddy, 2009), leis an tuairim gur féidir le torthaí dearfacha teacht ó chlár thumoideachais do chéad agus do dhara theanga páistí.
- Tá sé léirithe go mbíonn tionchar dearfach ag an oideachas dátheangach ar roinnt ionchas neamh-ghnóthachtála ar nós feacht meititheangach, réasúnaíocht theibí agus shiombalach, smacht na haire, agus réiteach fadhbanna (Adesope et al., 2010).
- Bíonn a lán toscaí bainteach leis an ngnóthachtáil sa léitheoireacht, pé acu Béarla nó Gaeilge. Orthu sin bíonn stádas socheacnamaíoch scoile agus leibhéal daltaí, inscne daltaí, agus an teanga a bhíonn á labhairt sa bhaile. Tugann staidéir a rinneadh cheana (e.g., Harris et al., 2006) le fios go mbíonn leibhéal níos airde sa stádas socheacnamaíoch ag daltaí a bhíonn ag freastal ar SLG ná mar a bhíonn ag daltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán an Bhéarla.

Creataí don Mheasúnú agus Modheolaíocht

Déanann an caibidil seo cur síos ar na creataí don mheasúnú agus ar na modhanna a úsáideadh sna Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i mBunscoileanna a Bhíonn ag Feidhmiú trí Mheán na Gaeilge (NAIMS).

Creataí don Mheasúnú

Is ionann na creataí do mheasúnú NAIMS agus iad siúd a úsáideadh i Measúnú Náisiúnta 2009 don Mhatamaitic agus don Léitheoireacht Ghaeilge. Tugann na creatdhoiciméid iomlán don léitheoireacht Bhéarla agus don mhatamaitic (Educational Research Centre, 2008, 2009) mionchuntas ar na réimsí ábhar agus ar na próisis atá mar bhunús ag na trialacha sna fearainn seo, agus clúdaítear freisin i gcreat na matamaitice míreanna samplacha don tástáil cosúil leo siúd atá sa triail féin. Clúdaítear sna creataí freisin réasúnaíocht don ábhar sna Ceistneoirí Scoile, Múinteora, Tuismitheora agus Dalta, agus d’Fhoirm Ghrádúcháin an Dalta.

Léitheoireacht Bhéarla

Is é an sainmhíniú ar Bhéarla ar a bhfuil an fráma tagartha agus an triail léitheoireachta bunaithe ná:

the process of constructing meaning through the dynamic interaction among the reader’s existing knowledge, the information suggested by the written language, and the context of the reading situation. Young readers read to learn, to participate in communities of readers, and for enjoyment (Eivers et al., 2010a, p. 15).

Rinne an creat an léamhthuiscint a shainmhíniú ar dhá bhealach: feidhm an téacs (taithí liteartha, eolas a fháil agus a úsáid), agus an próiseas a bhí in úsáid chun é a léirmhíniú (Aisghabháil, Inféiriú, Léirmhíniú & Comhtháthú, agus Breithniú).

Mar aon leis an léamhthuiscint, tá roinnt míreanna foclóra sa triail léitheoireachta Béarla agus é mar chuspóir acu croiscileanna na léitheoireachta a mheas, ar nós míniú focail agus abairte a phróiseáil.

Cé nach raibh ach míreanna ilroghnacha amháin sa triail do rang a Dó, bhí míreanna ilroghnacha agus freagairtí comhthógtha araon sa triail do rang a Sé, agus iad seo i gcóimheas 3:1. Chuidigh na míreanna ar fhreagairtí comhthógtha a cuireadh san áireamh leis an measúnú ar scileanna léamhthuisciana don léirmhíniú ardoird agus don mheastóireacht a éascú.

Ceithre fhoirm a bhí sa leagan deiridh de thriail rang a Dó. I ngach foirm bhí 20 mír foclóra (bloc comónta i ngach ceann de na ceithre leabhrán), agus 33-34 ceisteanna tuisceana bunaithe ar chúig théacs. Ceithre fhoirm a bhí freisin i dtriail rang a Sé, gach ceann acu le 20 mír foclóra (bloc comónta arís), 5-6 théacs, agus 42-44 ceisteanna tuisceana.

Matamaitic

Sa Churaclam Matamaitice don Bhunscoil (CMB) (ROE/CNCM, 1999), déantar cur síos ar mhatamaitic mar seo:

eolaíocht méide, uimhreach, crutha, spáis, agus a ngaolmhaireacht agus teanga uilíoch chomh maith bunaithe ar shiombail agus ar léaráidí. Baineann sé le láimhseáil (socrú, anailís, ionramháil agus cumarsáid) eolais, tuair a dhéanamh, agus fadhbanna a réiteach trí theanga atá beacht agus cruinn araon a úsáid (lth. 2).

Bhí creat na matamaitice (Educational Research Centre, 2009) ar aon dul le CMB mar a ndéantar ábhar snáithe don mhatamaitic agus scileanna próiseas cognaíoch a chomhtháthú chun sainchuspóirí teagaisc a chruthú ag gach rang leibhéal. Is iad na snáithe ábhar don mhatamaitic ná: Uimhreas/ Ailgéabar, Cruth & Spás, Tomhais, agus Sonraí. Is iad na scileanna sa phróiseas cognaíoch ná: Cur i bhFeidhm & Réiteach Fadhbanna, Cumarsáid & Cur in Iúl, Comhtháthú & Nascadh, Réasúnaíocht, Cur i bhFeidhm, agus Tuiscint & Tabhairt chun Cuimhne. Ní raibh sé indéanta míreanna a bhaineann le Cumarsáid agus Cur in Iúl a chlúdach i dtrial le páipéar agus peann luaidhe.

Sa bhforbairt ar shonraíocht na tástála, rinneadh na cuspóirí uile do rang a Dó (59 cuspóirí) agus do rang a Sé (78 cuspóirí) ón CMB a liostáil agus rinne foireann scríbhneoirí míreanna a ghiniúint bunaithe ar na cuspóirí. Rinneadh an léiriú ar réimsí ábhar agus ar scileanna próiseas a dhearadh ar bhealach a bhí mórán ar aon dul le dáileadh na gcuspóirí mar a bhaineann said le heilimintí den CMB. Ceisteanna ilroghnacha a bhí i thart ar an tríú cuid de na míreanna ag an dá rang leibhéal, agus freagairtí comhthógtha a bhí sna cinn eile – iarradh ar dhaltaí freagraí a scríobh, léaráid nó graf a chríochnú, nó pictiúr a tharraingt.

I rang a Dó, bhí 5 bhloc le 20 mír sa triail dheireanach, agus iad seo dáilte ar cheithre fhoirm, ionas go raibh an bloc coiteann sa bhloc lárnach i ngach foirm, agus bhí fáil ar na blocanna eile uair amháin sa chéad áit agus san áit dheireanach. I rang a Sé, bhí 6 bhloc le 25 mír roinnte thar 6 fhoirm ionas go raibh ceann de dhá bhloc neamh-áireamhán le fáil sa chéad áit i ngach foirm, bhí bloc coiteann sa lár, agus bhí ceann den trí bhloc a bhí fágtha le fáil san áit dheireanach. D'fhéadfadh daltaí áireamhán a úsáid don dara bloc agus don tríú bloc.

Rinne aistritheoir gairmiúil le taithí na leabhráin don mhatamaitic a aistriú go Gaeilge mar ullmhúchán do Mheasúnú Náisiúnta ar Mhatamaitic 2009. Rinne an dara aistritheoir le taithí ar aistriúcháin agus le mórthaithí múinteoireachta na haistriúcháin a sheiceáil agus rinneadh aon easaontais a réiteach i bplé comhdhála. Baineadh úsáid as na leabhráin chéanna i MN 2009 agus i NAIMS 2010.

Sampláil Scoileanna agus Daltaí

Mar atá luaite i gCaibidil 1, ba iad an dá phobal a raibh spéis iontu sa staidéar reatha ná: daltaí a bhí ag freastal ar scoileanna i gceantair Ghaeltachta ina raibh an Ghaeilge mar mheán teagaisc i ngach rang (Scoileanna sa Gaeltacht); agus daltaí a bhí ag freastal ar scoileanna ina raibh an Ghaeilge mar mheán teagaisc i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht (Scoileanna Lán-Ghaeilge nó SLG). Socraíodh ar shampla 60 SLG agus 60 scoil Ghaeltachta, ag cur samplamhéideanna éifeachtacha de thart ar 200 ar fáil do gach cineál scoile, nó 400 san iomlán.

Bhí an fráma samplála a úsáideadh i NAIMS bunaithe ar bhunachar sonraí na mBunscoileanna 2008-09, a chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (mar a bhí) ar fáil don Fhoras Taighde ar Oideachas san Earrach 2009. Bhí fáil sa bhunachar sonraí ar liosta de na bunscoileanna go léir a raibh tacaíocht le fáil acu ó chistí poiblí i bPoblacht na hÉireann. Mar aon le sonraí déimeagrafacha ar scoileanna (méid scoile, líon buachaillí agus cailíní cláraithe ag gach rang leibhéal), bhí eolas le fáil ón mbunachar sonraí ar:

- Meán teagaisc – pé acu an raibh ‘gach’ rang á theagasc trí mheán an Bhéarla, ‘roinnt’ nó ‘gach’ rang á theagasc trí mheán na Gaeilge, nó ‘roinnt ábhar’ á dteagasc trí mheán na Gaeilge.
- Cineál scoile – pé acu ‘Lán-Ghaeilge’ (i.e., Scoil Lán Ghaeilge), ‘Gaeltachta’ nó ‘Béarla mar mheán’.

Rinneadh beachtas an bhunachair sonraí a sheiceáil i gcoinne foinsí eile a bhí ar fáil ar a n-áirítear bunachair shonraí do bhlianta scoile níos luaithe agus liostaí scoileanna, ar nós

Creataí don Mheasúnú agus Modheolaíocht

liosta na SLG ar láithreán Gaelscoileanna, agus cuireadh roinnt oiriúintí i bhfeidhm (féach Gilleece et al., 2011 don mhíneolas).

Roinneadh an fráma samplála i dtrí shraith – scoileanna Gaeltachta, SLG a bhí ann ag nó roimh 2001-02, agus SLG a bunaíodh ó 2001-02 i leith. Bhí gá lena leithéid de dheighilt toisc nach raibh daltaí liostaithe ag 25 scoil do ranganna Cúig ná Sé i 2008-09, agus dá réir sin is dócha nach raibh daltaí acu i rang a Sé nuair a rinneadh an tástáil. Fágadh ar lár ón sampláil aon scoileanna a raibh rangú déanta orthu mar scoileanna Gaeltachta, nó a bhí luaite le roinnt ábhar a bheith á dteagasc acu trí Ghaeilge, nó gach ábhar a bheith á dteagasc acu trí Bhéarla.

Bhí 102 scoil i sraith na Gaeltachta. Roghnaíodh seasca scoil as an tsraith seo ag baint úsáide as sampláil chórasach bunaithe ar dhóchúlacht i gcomhréir le méid (DCM) le srathú intuigthe i gcomhréir le banda DEIS¹ agus méid scoile (an méid iomlán daltaí ó Naíonáin Sóisir go rang a Sé). Roghnaíodh 58 as an 110 Scoil Lán-Ghaeilge a bunaíodh roimh 2001-02 sa tslí céanna. Roghnaíodh dhá scoil Lán-Ghaeilge as na scoileanna a bunaíodh ó 2001-02, rud a thug sampla iomlán de 60 scoil. Léiríonn Tábla 2.1 an líon scoileanna agus daltaí sna samplaí roghnaithe agus faighte don léitheoireacht Bhéarla. Tá fáil ar thábla comhfhreagrach don mhata i Gilleece et al. (2011). Léiríonn an tábla, ag leibhéal rang a Dó, gur thoiligh 54 as 60 SLG (90%) páirt a ghlacadh sa staidéar agus gur thoiligh 51 as 60 scoil Ghaeltachta (85%) a bheith páirteach.

Tábla 2.9: Líon scoileanna agus daltaí sna samplaí roghnaithe agus faighte (léitheoireacht Bhéarla), de réir cineál scoile

Stratum		Sampla Roghnaithe		Sampla Faighte	
		Rang a Dó	Rang a Sé	Rang a Dó	Rang a Sé
Scoileanna Lán-Ghaeilge (Nua agus Seanbhunaithe)	Scoileanna	60	60	54	51
	Daltaí	2036	1669	1694	1413
	Ranganna	-	-	73	66
Scoileanna Gaeltachta	Scoileanna	60	60	51	51
	Daltaí	683	799	570	596
	Ranganna	-	-	52	52

Níl an líon ranganna tugtha ar bhunachair sonraí an ROS.

Ceistneoirí agus Foirmeacha Ghrádúcháin

Mar aon leis na rialacha ar léitheoireacht Bhéarla agus ar mhatamaitic, baineadh úsáid as na hionstaimí seo a leanas sa staidéar:

- **Ceistneoir Scoile**, a iarradh ar phríomhoidí scoile a chomhlánú. Bhí ceisteanna anseo maidir le suíomh na scoile, tréithe iontrála agus rollaithe, acmhainní scoile (m.sh., leabhair leabharlainne, ríomhairí, cláir bhána idirghníomhacha), foirniú, agus an soláthar ar thacaíochtaí breise do dhaltáí. Fiosraíodh sa cheistneoir freisin maidir le nósanna imeachta ar mheasúnú agus ar phleanáil don Bhéarla, don Ghaeilge agus don mhata.
- **Ceistneoir Múinteora**, a iarradh ar mhúinteoirí a chomhlánú, agus a bhí mar an gcéanna do ranganna a Dó agus a Sé. Cuireadh ceisteanna faoi cháilíochtaí, faoi thaithe

¹ Is plean gníomhaíochta é DEIS (Combhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2005 chun dul i ngleic le tionchair an mhíbhuntáiste oideachasúil i scoileanna. Tá an Clár Tacaíochta Scoile (CTB), ina n-áirítear sraith bearta agus ina gcuirtear acmhainní daonna agus ábhartha ar fáil, mar phríomhghné de DEIS. Déantar scoileanna uirbeacha sa CTB a chur i mBanda 1 nó i mBanda 2, ag brath ar mheánleibhéal an mhíbhuntáiste. Tá sraith bearta ar leith ann do scoileanna tuaithe sa CTB.

múinteoireachta, faoi thaithí ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus faoi na ranga a múineadh. Bhí ceisteanna freisin maidir le teagasc na Gaeilge, an teanga a bhí á úsáid do cheachtanna matamaitice, na cúiseanna nach raibh an mhatamaitic á múineadh go hiomlán trí Ghaeilge (dá mba chúí), an méid leabhar Gaeilge i leabharlanna ranga, agus roinn ar leith, ar aon dul leo siúd don Bhéarla agus don mhatamaitic, do theagasc na Gaeilge.

- **Foirm Ghrádúcháin an Dalta**, a iarradh ar mhúinteoirí a chomhlánú. Éilíodh eolas comhthéacsúil maidir le gach dalta a bhí páirteach sa suirbhé. Clúdaíodh réimsí ar nós tinreamh, tairbhiú ó thacaíocht foghlama, cumas acadúil i gcoitinne, agus inniúlacht sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic.
- **Ceistneoir an Dalta**, a iarradh ar dhaltaí a bhí páirteach sa staidéar a chomhlánú. Clúdaíodh ceisteanna faoin teanga a bhí á labhairt sa bhaile, nósanna imeachta don obair bhaile, dearcadh agus páirteachas sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic, mar aon le himeachtaí eile lasmuigh den scoil. I gceistneoir rang a Sé clúdaíodh ceisteanna breise maidir le dearcthaí na ndaltaí ar úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna éagsúla agus roghnachas teanga don léitheoireacht agus don mhatamaitic.
- **Ceistneoir Tuismitheora**, a iarradh ar thuismitheoirí na ndaltaí a bhí páirteach a chomhlánú. Bhí ceisteanna san áireamh maidir le méid teaghlaigh, fostaíocht na dtuismitheoirí, cleachtais oideachais agus acmhainní sa bhaile, nósanna léitheoireachta ag thuismitheoirí mar aon le minicíocht na tacaíochta don obair bhaile. Iarradh ar thuismitheoirí freisin cumas a bpáistí i léitheoireachta na Gaeilge a ghrádú, tuairim a thabhairt ar an uair nuair a léirigh a bpáistí spéis i léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla don chéad uair, meastachán a thabhairt ar an méid leabhar Gaeilge agus Béarla of a bhí sa bhaile, agus minicíocht úsáide na Gaeilge sa bhaile i raon comhthéacsanna léitheoireachta agus labhartha a chlárú.

Rátaí Freagartha

Bhí na rátaí freagartha, bunaithe ar na scoileanna a bhí sásta páirt a ghlacadh i NAIMS, ard go haonfhoirmeach. Mar shampla, i ranga a Dó, chomhlánaigh 94% de na daltaí a roghnaíodh i SLG agus 92% i scoileanna Gaeltachta an triail do léitheoireacht an Bhéarla. Bhí na rátaí freagartha ar gach cineál ceistneora os cionn 90%, agus ag dréim le 100% i gcásanna na gCeistneoirí Scoile agus Múinteora.

Ag gach riaradh ar thriail (léitheoireacht Bhéarla agus matamaitic), iarradh ar mhúinteoirí Foirm Riarachán Tástála a chomhlánú ag déanamh cur síos ar an uimhir a bhí i láthair, an uimhir a bhí as láthair, an uimhir a raibh díolúine acu ón tástáil, agus an uimhir a raibh an scoil fágtha acu. Ar an iomlán, tá na díolúintí ó thástálacha íseal, ó 5 (scoileanna Gaeltachta, Rang a Sé, Matamaitic) go 14 (SLG, Rang a Dó, Matamaitic), agus formhór na ndíolúintí bainteach le sain-mhíchumas agus le míchumas ginearálta foghlama.

Cur i bhFeidhm NAIMS i Scoileanna

Dáileadh aon chigire déag is fiche de chuid na ROS, a raibh oiliúint faighte acu ar aidhmeanna agus ar nósanna imeachta na measúnuithe, ar na scoileanna a bhí ag ghlacadh páirte chun tacú leo NAIMS a chur i bhfeidhm agus chun feidhmiú mar mhonatóirí cáilíochta.

Tharla an tástáil i bhformhór na scoileanna idir 12 agus 28 Bealtaine 2010, le scoileanna ag roghnú dhá mhaidin sa tréimhse tástála a bhí oiriúnach dóibh agus a raibh an cigire a bhí ainmnithe dóibh ar fáil. Rinneadh frithchothromú ar riaradh na dtrialacha don Bhéarla agus don mhatamaitic trasna na scoileanna, le leath de na scoileanna i ngach cineál scoile ag tabhairt faoin léitheoireacht Bhéarla ar dtús, agus an leath eile ag déanamh na matamaitice ar dtús.

I rang a Dó, iarradh ar scoileanna a thabhairt le fios roimh ré, maidir le gach rang a bhí ag glacadh páirte, an mbeadh an triail mhatamaitice á déanamh trí Bhéarla nó trí Ghaeilge toisc gur ghá na treoracha don triail mhatamaitice a léamh amach os ard, agus dá bhí sin nárbh fhéidir an triail a riar ach in aon teanga amháin. I rang a Sé, iarradh ar mhúinteoirí ranga an rogha teanga don triail mhatamaitice a chur in iúl roimh ré, maidir le gach dalta sa rang. Bhí cead ag múinteoirí a raibh an triail mhatamaitice á riar acu trí Ghaeilge an leagan Béarla d'fhocal nó de fhrása sa triail chéana a chur ar fáil i mBéarla dá mbeadh sé á éileamh, cé gur tugadh le fios go soiléir nach bhféadfaí cúnamh a sholáthar chun ceisteanna matamaitice ar leith a réiteach.

Rinne breis agus 90% de dhaltaí i rang a Dó i SLG an triail mhatamaitice trí Ghaeilge, agus rinne os cionn 80% de dhaltaí i rang a Sé an rud céanna. I scoileanna Gaeltachta, rinne thart ar leath de dhaltaí rang a Dó agus trí-cúigiú de dhaltaí rang a Sé an triail mhatamaitice trí Ghaeilge. Seans go léiríonn an méadú i scoileanna Gaeltachta an fhorbairt sa chumas Gaeilge ag daltaí i scoileanna Gaeltachta nach raibh an Ghaeilge mar mheán cumarsáide acu sa bhaile.

Ghluais na cigirí a bhí i mbun monatóireachta ar an tástáil ó rang go rang i ngach scoil. Ag deireadh na tástála (i.e., tar éis don dá thriail a bheith déanta ar dhá lá éagsúil), rinne said an Fhoirm Bhreathnadóireachta, a rinne coimriú ar a dtuairimí maidir leis an tslí inar éirigh le scoileanna gnéithe den riarachán tástála a láimhseáil, a chomhlánú. Bhí meastóireachtaí na gcigirí an-dearfach, léiriú ar ardleibhéal tiomantais don staidéar ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí. Chuir comhordaitheoirí scoile (múinteoirí ainmnithe mar theagmhálaithe leis an bhForas Taighde ar Oideachas do thréimhse an staidéir) ardleibhéal shástachta in iúl le cur i bhfeidhm an staidéir (féach Gilleece et al., 2011 do shonraí breise agus do mholtaí ar fheabhsúcháin).

Nósanna Imeachta don Ualú, don Scálú agus don Anailís

Ualú

Tarlaíonn laofachtaí i measúnuithe ar nós NAIMS ó dhá fhoinsé: (i) sampláil dhíréireach ar scoileanna (agus dá réir sin ar dhaltaí) i gcomparáid leis na daonraí a raibh spéis iontu; agus (ii) neamh-fhreagairt ó scoileanna agus ó dhaltaí a roghnaíodh le bheith páirteach. Baineadh úsáid as an gcur chuige céanna a úsáideadh i MN 2009 chun ualaí a áireamh (féach Eivers et al., 2010b, lch. 37), ina ndéantar oiriúintí don neamhfhreagairt ag leibhéal scoile agus dalta. Cuirtear ualaí samplálacha san áireamh sa scálú ar shonraí tástála agus san anailís ar gnóthachtálacha agus sna freagairtí ó cheistneoirí.

Scálú na dTrialacha Gnóthachtála

Rinneadh scálú ar na trialacha do léitheoireacht an Bhéarla agus don mhatamaitic do ranganna a Dó agus a Sé ag baint úsáide as modheolaíochtaí Teoirice Mír Fhreagairt (féach Eivers et al., 2010b, Caibidil 4). Cuireadh mírpharaiméadair a aimsíodh le linn scálú na dtrialacha i MN 2009 i bhfeidhm ar na míreanna comhfhreagracha i NAIMS. Ar an mbealach seo, cuireadh gnóthachtáil dhaltaí ar NAIMS ar na scálaí céanna leo siúd a úsáideadh i MN 2009.² Tá tuairisc le fáil i gCaibidil 3 ar thorthaí an chleachtaidh seo, ina ndéantar an ghnóthachtáil ó MN 2009 agus ó NAIMS a chur i gcomparáid do scálaí agus d'fhoscálaí na léitheoireachta i ngach réimse.

Rinneadh na gearrphointí do leibhéal inniúlachta a ndearnadh forbairt orthu i gcomhthéacs MN 2009 (féach Eivers et al., 2010b, Caibidil 6) a chur i bhfeidhm ar scóir na ndaltaí i NAIMS, agus aird tugtha ar chomparáidí i gcomhréireanna na ndaltaí a bhí ag scóráil ag gach leibhéal ar gach triail thar an dá staidéar. Tugann na leibhéal inniúlachta cur síos ar fáil ar eolas agus ar scileanna dhaltaí ag na leibhéal inniúlachta éagsúla sa Bhéarla agus sa mhatamaitic, agus dá réir sin cuirtear léirmhíniú de réir critéir ar fáil don ghnóthachtáil.

² I MN 2009, socraíodh na scálaí uile go meán 250 agus go diall caighdeánach 50.

Anailís ar na Sonraí

Tá ualú déanta ar na sonraí (m.sh., triailscóir, ceatadáin daltaí nó tuismitheoirí) atá curtha i láthair sa chuid eile den tuairisc seo. Nuair a bhíonn comparáidí á ndéanamh le trí ghrúpa nó níos mó (m.sh., idir SLG, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí Bhéarla), déantar na halpha leibhéil a choigeartú chun earráid de Chineál 1 a sheachaint (a rá go bhfuil suntas ó thaobh staitistice ag baint le difríocht nuair nach mar sin atá).

Sa chinneadh maidir le grúpa cuí ó MN 2009 a roghnú don chomparáid leis an gcruthúnas ag daltaí i NAIMS, bhí rogha maidir le daltaí a bhí páirteach sa mheasúnú ó scoileanna a bhí ag feidhmiú trí Bhéarla a roghnú, nó gach dalta a bhí páirteach sa mheasúnú a roghnú, líon beag acu seo ó scoileanna a bhí ag feidhmiú trí Ghaeilge. Toisc go raibh an líon SLG agus scoileanna Gaeltachta a bhí páirteach i MN 2009 (7 SLG agus 3 scoil Ghaeltachta) beag go leor, agus toisc nach ndearna sé aon difríocht shubstainteach do tháscairí gnóthachtála, ar nós meánscóir gnóthachtála, na scoileanna a bhí ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge a bheith ann nó as, socraíodh ar thorthaí na ndaltaí i NAIMS a thagarmharcáil i gcoinne na ndaltaí uile i MN 2009.

Déantar iniúchadh ar na ceangail idir athróga comhthéacs (m.sh., stádas socheacnamaíoch) agus gnóthachtáil ar thrí bhealach: (i) comhghaolta a iniúchadh (luachanna idir -1 and +1 a léiríonn gaol láidir); (ii) comparáid idir na meánscóir (m.sh., na meánscóir léitheoireachta ag daltaí le luachanna arda, meánacha agus ísle ar scála SES); agus (iii) múnú il-leibhéil, ina féidir tionchair na n-athróg ag leibhéil scoile agus dalta a iniúchadh, ach srian coimeáda ar na hathróga eile.

Cineálacha-Scoileanna a ndéantar tagairt dóibh sa Staidéar Reatha

Scoil Ghaeltachta: Scoil sa Ghaeltacht, ina mbíonn an Ghaeilge mar mheán teagaisc i ngach rang.

Scoil Lán-Ghaeilge/Gaelscoil: Scoil lasmuigh den Ghaeltacht, ina mbíonn an Ghaeilge mar mheán teagaisc.

Scoil a Bhíonn ag Feidhmiú trí Mheán an Bhéarla: Scoil ina mbíonn Béarla in úsáid mar mheán teagaisc, cé go mb'fhéidir go ndéantar roinnt ranganna nó ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Príomhphointí

- Baineadh úsáid as creataí an mheasúnaithe do MN 2009, agus as na trialacha don léitheoireacht Bhéarla agus don mhatamaitic a úsáideadh i 2009 don staidéar reatha, gan aon athrú. Rinneadh roinnt rudaí a chur leis na Ceistneoirí Scoile, Múinteora, Tuismitheora agus Dalta chun sainchúinsí a bhaineann le scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge a chur san áireamh.
- Roghnaíodh samplaí de 60 Scoil Lán-Ghaeilge agus 60 scoil Ghaeltachta le bheith páirteach i NAIMS. Ghlac 54 Scoil Lán-Ghaeilge agus 51 scoil Ghaeltachta páirt, rud a thug rátaí freagartha 90% agus 85% faoi seach ag na leibhéil scoile. Sna scoileanna, bhí na rátaí freagartha os cionn 90% do thrialacha na léitheoireachta Béarla agus na matamaitice, do na ceistneoirí uile a dáileadh.
- Rinne baill de chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (mar a bhí) maoirsiú ar NAIMS sna scoileanna. Rinneadh na trialacha a riar i mí Bealtaine, 2010.
- Cuireadh torthaí na dtrialacha ó dhaltáí NAIMS ar an scála céanna a úsáideadh i MN 2009, rud a chuidigh le comparáidí ar ghnóthachtálacha idir an dá staidéar a éascú.

Caibidil 3

Torthaí Gnóthachtála

Déanann an caibidil seo cur síos ar ghnóthachtálacha daltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge (SLG) agus i scoileanna Gaeltachta a bhí páirteach i NAIMS 2010, agus déantar a ngnóthachtálacha a chur i gcomparáid leis an sampla náisiúnta i MN 2009.

Gnóthachtáil ar an Iomlán agus Gnóthachtáil de réir Réimsí

Socraíodh an meánscór do gach réimse agus foréimse i MN 2009 ag 250, agus an diall caighdeánach ag 50. Toisc go ndearnadh scóir dhaltaí i NAIMS a theilgeadh ar na scálaí céanna a úsáideadh i MN 2009, is féidir comparáid a dhéanamh idir na gnóthachtálacha ag daltaí i SLG agus scoileanna Gaeltachta le gnóthachtálacha daltaí i MN 2009.

Léitheoireacht Bhéarla

Léiríonn Tábla 3.1 go raibh na meánscóir ag daltaí i ranganna a Dó (267) agus a Sé (266) i SLG níos airde ná na meánscóir chomhfhreagracha i MN 2009 (araon 250). Bhí an meánscór ag daltaí i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta (257) níos airde freisin (an séú cuid de dhiall caighdeánach níos mó) ná an meán comhfhreagrach i MN 2009 (250). I rang a Dó, áfach, ní raibh suntas ag baint leis an gcruthúnas idir dhaltaí i scoileanna Gaeltachta (253) agus iad siúd i scoileanna MN 2009 (250).

Is féidir linn comparáid a dhéanamh freisin idir an cruthúnas sa léitheoireacht ag daltaí i SLG agus i scoileanna Gaeltachta. I rang a Dó, fuair daltaí i SLG meánscór níos airde (267) ná mar a fuair daltaí i scoileanna Gaeltachta (253). I rang a Sé, ní raibh suntas ó thaobh staitistice de idir an meánscór a fuair daltaí i SLG (266) agus i scoileanna Gaeltachta (257).

Tábla 3.1: Meánscóir daltaí sa Léitheoireacht Bhéarla i gcoitinne, de réir cineál scoile agus rangleibhéal

	Rang a Dó		Rang a Sé	
	Meán	Diall. Caigh.	Meán	Diall. Caigh.
Scoileanna Lán-Ghaeilge	267	49	266	45
Scoileanna Gaeltachta	253	47	257	46
MN 2009 (Tag.)	250	50	250	50

Tá cló trom ar na meánscóir a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu agus MN 2009.

Bhí na difríochtaí idir bhuachaillí agus chailíní i SLG beag agus ní raibh suntas leo ó thaobh staitistice i ranganna a Dó ná a Sé. Cé nár tugadh aon difríocht faoi deara i rang a Dó i scoileanna Gaeltachta, d'éirigh níos fearr le cailíní ná le buachaillí i rang a Sé.

Tugann Tábla 3.2 coimriú ar an ngnóthachtáil ar fhoclóir na léitheoireachta agus ar léamhthuiscint do dhaltaí i ranganna a Dó agus a Sé. Léiríonn an tábla, d'fhoclóir na léitheoireachta agus don léamhthuiscint i ranganna a Dó agus a Sé, go bhfuil na meánscóir níos airde i SLG ná i MN 2009. I rang a Sé (ach ní i rang a Dó) tá na meánscóir ag daltaí i scoileanna Gaeltachta d'fhoclóir na léitheoireachta agus don léamhthuiscint níos airde ná i MN 2009. In anailís ar leith eile, fuarathas amach go bhfuil meánscóir níos airde ag daltaí i rang a Dó, ach ní i rang a Sé, i SLG ná mar atá ag a gcontrapháirtithe i scoileanna Gaeltachta don fhoclóir agus don léamhthuiscint. Cé go bhfuil meánscór ag daltaí i SLG ar léamhthuiscint seacht bpointe níos airde ná mar atá i scoileanna Gaeltachta, níl an difríocht shuntasach ó thaobh staitistice.

Torthaí Gnóthachtála

Tábla 3.2: Meánscóir ag daltaí ar fhoscálaí don fhoclóir sa léitheoireacht Bhéarla agus don léamhthuisct de réir cineál scoile agus leibhéal ranga

	Rang a Dó		Rang a Sé	
	Meán Foclóir	Meán Tuisct	Meán Foclóir	Meán Tuisct
Scoileanna Lán-Ghaeilge	268	265	266	265
Scoileanna Gaeltachta	253	253	256	258
MN 2009 (Tag.)	250	250	250	250

Tá cló trom ar na meánscóir a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu agus MN 2009.

Is féidir cruthúnas i litearthacht léitheoireachta a shaineagrú freisin de réir fophróisis léitheoireachta. Aithnítear trí fhophróisis i Rang a Dó: Aisghabháil, Infeiriú, agus Léirmhíniú & Comhcheangal. Déantar fophróiseas breise, Iniúchadh & Breithniú, a mheas i Rang a Sé. Ar aon dul lena ngnóthachtáil níos fearr i gcoitinne sa léitheoireacht, d'éirigh níos fearr le rang a Dó i SLG ná i MN 2009 ar Aisghabháil, Infeiriú agus Léirmhíniú & Comhcheangal. Bhí meánscóir níos airde ag daltaí i Rang a Dó i SLG ar Infeiriú agus Léirmhíniú & Comhcheangal ná mar a bhí ag daltaí i scoileanna Gaeltachta, ach ní mar sin a bhí don Athghabháil.

D'éirigh níos fearr le daltaí i SLG i MN 2009 ar gach ceann de na ceithre fhoscálaí próisis ag rang a Sé, agus d'éirigh níos fearr le daltaí i scoileanna Gaeltachta i MN 2009 ar thrí cinn de na ceithre scálaí. Ba é an eisceacht ná Iniúchadh agus Breithniú. Ní raibh na difríochtaí a bhí fábharch do dhaltaí i SLG thar dhaltaí i scoileanna Gaeltachta suntasach ó thaobh staitistice d'aon cheann de na ceithre scálaí i rang a Sé.

Matamaitic

Sa mhataimaitic, bhí meánscóir níos airde ag daltaí i rang a Dó i SLG (258) ná daltaí i MN 2009 (250) (Tábla 3.3). Ní raibh na difríochtaí sa ghnóthachtáil ag daltaí i rang a Dó i scoileanna Gaeltachta (256) agus daltaí i MN 2009 suntasach. Bhí meánscóir níos airde ag daltaí i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta (259) ná daltaí i MN 2009 (250) ag an rangleibhéal sin. Ní raibh an difríocht sa ghnóthachtáil ag daltaí SLG (254) agus daltaí MN 2009 (25) i rang a Sé suntasach ó thaobh staitistice de.

Tábla 3.3: Meánscóir daltaí sa léitheoireacht Bhéarla i gcoitinne, de réir cineál scoile agus rangleibhéal

	Rang a Dó		Rang a Sé	
	Meán	Diall. Caigh.	Meán	Diall. Caigh.
Scoileanna Lán-Ghaeilge	258	49	254	45
Scoileanna Gaeltachta	256	46	259	45
MN 2009 (Tag.)	250	50	250	50

Tá cló trom ar na meánscóir a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu agus MN 2009.

Ar an iomlán, ní raibh difríocht shuntasach sa ghnóthachtáil ag daltaí idir SLG agus scoileanna Gaeltachta i bhforiomlán na matamaitice i rang a Dó ná i rang a Sé.

Fuair buachaillí i ranganna a Dó agus a Sé i SLG scóir níos airde sa mhataimaitic ná mar a fuair na cailíní. I MN 2009, ní raibh na difríochtaí do bhuachaillí ag an dá rang leibhéal suntasach ó thaobh staitistice. Ní raibh difríochtaí suntasacha ó thaobh inscne do dhaltaí i nGaelscoileanna ag ranganna a Dó ná a Sé, cé go raibh scór ag buachaillí i rang a Dó a bhí 7 bpointe níos airde ná scór na gcailíní.

Is féidir inniúchadh a dhéanamh ar ghnóthachtáil sa mhataimaitic de réir snáitheanna agus próiseas. D'éirigh níos fearr le daltaí i rang a Dó i SLG ná mar a d'éirigh lena gcomhpháirtithe i scoileanna MN 2009 i dtrí cinn de na snáitheanna (Uimhreas/Ailgéabar, Tomhais agus Sonraí), agus bhí meánscóir níos lú acu ar an gceathrú ceann—Cruth agus Spás. D'éirigh níos fearr le daltaí i rang a Dó i scoileanna Gaeltachta ná mar a d'éirigh le daltaí i MN 2009 ar dhá cheann de na

snáitheanna – Tomhais agus Cruth & Spás. Ní raibh na difríochtaí ag daltaí i SLG agus Gaeltachta suntasach ó thaobh staitistice de d'aon cheann de na snáitheanna.

D'éirigh níos fearr le daltaí rang a Sé i SLG ná mar a d'éirigh lena gcomhpháirithe i MN 2009 i snáithe amháin – Uimhreas/Ailgéabar – ach d'éirigh níos fearr le daltaí i scoileanna Gaeltachta ná mar a d'éirigh le daltaí i MN 2009 ar thrí shnáitheanna – Uimhreas/Ailgéabar, Tomhais agus Cruth agus Spás. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir daltaí i SLG agus scoileanna Gaeltachta ar aon cheann de na snáitheanna ag an rangleibhéal seo.

D'éirigh níos fearr le daltaí i rang a Dó i SLG agus i scoileanna Gaeltachta ná mar a d'éirigh lena gcomhscoláirí i scoileanna MN 2009 ar dhá cheann de scoileanna próisis na matamaitice – Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna. Ní raibh na difríochtaí idir daltaí i SLG agus i scoileanna Gaeltachta suntasach ó thaobh staitistice d'aon cheann de scoileanna próisis na matamaitice.

D'éirigh níos fearr le daltaí i rang a Sé i SLG ná mar a d'éirigh lena gcomhscoláirí i scoileanna MN 2009 ar cheann amháin de scoileanna próisis na matamaitice – Cur i bhFeidhm. D'éirigh níos fearr le daltaí i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta ná mar a d'éirigh le daltaí i MN 2009 ar thrí cinn de shnáitheanna – Tabhairt Chun Cuimhne, Cur i bhFeidhm, agus Réiteach Fadhbanna. Ní raibh difríochtaí idir na daltaí i SLG agus scoileanna Gaeltachta suntasach ó thaobh staitistice.

Gnóthachtáil sa Mhatamaitic, de réir Teanga na Trialach

D'fhéadfadh daltaí an triail a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge. Do rang a Dó, rinne múinteoirí na ndaltaí an cinneadh rang-ar-rang, ach ag rang a Sé, rinneadh an cinneadh dalta-ar-dhalta. Léiríonn Tábla 3.4 céatadán na ndaltaí a ghlac an triail mhatamaitice i nGaeilge nó i mBéarla ag gach rang leibhéal, do gach cineál scoile, agus an meánscór don mhatamaitic a bhí ag dul leo. I rang a Dó, ghlac 91% de dhaltaí i SLG an triail mhatamaitice trí Ghaeilge, cé go ndearna 49% de dhaltaí i scoileanna Gaeltachta a leithéid. Cé go raibh an meánscór acu siúd a rinne an triail trí Bhéarla i SLG (276) níos airde ná mar a bhí acu siúd a rinne an triail trí Ghaeilge (256), ní raibh na difríochtaí suntasach ó thaobh staitistice.

I rang a Sé, rinne breis agus ceithre-chúigiú de dhaltaí (81%) i SLG an triail mhatamaitice trí Ghaeilge, agus rinne thart ar trí-chúigiú (59%) de dhaltaí i scoileanna Gaeltachta a leithéid céanna. Ghnóthaigh daltaí i SLG a rinne an triail mhatamaitice trí Ghaeilge meánscór (255) a bhí mórán mar an gcéanna leis an scór a fuair na daltaí a rinne í trí Bhéarla (251). Bhí meánscór an-chosúil leis sin (258) ag daltaí i scoileanna Gaeltachta a rinne an triail mhatamaitice trí Ghaeilge i rang a Sé agus bhí sé seo an-chosúil freisin leis an scór a fuair daltaí a rinne í trí Bhéarla (260).

Tábla 3.4: Meánscoir do dhaltaí a rinne trialacha matamaitice i mBéarla nó i nGaeilge, de réir cineál scoile agus leibhéal ranga

	Rang a Dó		Rang a Sé	
	Céatadán Daltaí	Meánscór don Mhatamaitic	Céatadán Daltaí	Meánscór don Mhatamaitic
SLG				
Gaeilge	91	256	81	255
Béarla	9	276	19	251
Iomlán	100	258	100	254
Gaeltacht				
Gaeilge	49	251	59	258
Béarla	51	261	41	260
Iomlán	100	256	100	259

Difríochtaí suntasacha ó thaobh staitistice de réir teanga na trialach agus cineál scoile i gcló trom.

Gnóthachtáil i mBéarla agus i Matamaitic, de réir Leibhéal Inniúlachta


Is féidir an ghnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhataimaitic a thuairiscí freisin i dtéarmaí na leibhéal inniúlachta a cruthaíodh do MN 2009. Tugann leibhéal inniúlachta cur síos ar na cineálacha tascanna léitheoireachta agus matamaitice a mbeifí ag súil go bhféadfadh daltaí ag leibhéal éagsúla gnóthachtála a bhaint amach (féach Gilleece et al., 2011 do chur síos iomlán). Glactar leis má éiríonn le daltaí ag leibhéal áirithe go n-éireoidh leo freisin ar thascanna ag leibhéal inniúlachta níos ísle (mar shampla, do dhalta a bhainfeadh amach Leibhéal 4 sa léitheoireacht bheadh dóchúlacht níos airde fós go n-éireodh leis/léi ar mhíreanna Leibhéal 3).

Léitheoireacht Bhéarla

I rang a Dó, tá 17% de dhaltaí a bhíonn ag freastal ar SLG ag feidhmiú ag Leibhéal 4 sa léitheoireacht Bhéarla, i gcomparáid le 10% de dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna MN 2009 araon. Ar an dtaobh eile, feidhmíonn 21% de na daltaí i SLG ar, nó faoi bhun, Leibhéal 1, i gcomparáid le 32% i scoileanna Gaeltachta, agus 35% i MN 2009. Léiríonn se seo go bhfuil, ag leibhéal rang a Dó, níos mó daltaí le scoileanna ardoird léitheoireachta, agus níos lú daltaí le scoileanna laga léitheoireachta i SLG ná mar atá i scoileanna Gaeltachta agus i MN 2009 (Figiúr 3.1).

I rang a Sé, feidhmíonn 15% de dhaltaí ó SLG ag Leibhéal 4 sa léitheoireacht Bhéarla, i gcomparáid le 11% i scoileanna Gaeltachta agus 10% i MN 2009. Ar an dtaobh eile, feidhmíonn 22% de dhaltaí i SLG ar, nó faoi bhun, Leibhéal 1, i gcomparáid le 27% i scoileanna Gaeltachta, agus 35% i MN 2009. Dá réir sin, go ginearálta, leanann an buntáiste a bhíonn ag daltaí i rang a Dó i SLG ar aghaidh go rang a Sé. Faoi rang a Sé, feidhmíonn thart ar 5% de dhaltaí i SLG agus i scoileanna Gaeltacht faoi bhun Leibhéal 1, i gcomparáid le 10% i MN 2009. Léiríonn sé seo go bhfuil níos lú daltaí le mórfhadhbanna litearthachta sa léitheoireacht Bhéarla i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

Figiúr 3.1: Céatadán daltaí i rang a Dó ag leibhéal éagsúla ar an scála inniúlachta do léitheoireachta Bhéarla, de réir cineál scoile



Matamaitic

I rang a Dó, chruthaigh 13% de dhaltaí i SLG ag Leibhéal 4 sa mhata, i gcomparáid le 8% i scoileanna Gaeltachta agus 10% i scoileanna an MN 2009. Ar an dul céanna, chruthaigh 44% i

SLG, 42% i scoileanna Gaeltachta, agus 35% i scoileanna an MN 2009 ag Leibhéal 3 nó níos airde. B'ionann na céatadáin ndaltaí i SLG agus scoileanna Gaeltachta (29%, 28% faoi seach) a bhí ag Leibhéal 1 nó faoina bhún, i gcomparáid le 35% de dhaltaí i scoileanna MN 2009.

I rang a Sé, chruthaigh 10% de dhaltaí i SLG, scoileanna Gaeltachta agus i MN 2009 ag Leibhéal 4 sa mhatamaitic. Bhain 42% de na daltaí i scoileanna Gaeltachta Leibhéal 3 nó níos airde amach, i gcomparáid le 36% i SLG agus 35% i MN 2009. Chruthaigh idir 5% agus 10% de dhaltaí i ngach cineál scoile faoi bhun Leibhéal 1.

Príomhphointí

- D'éirigh le daltaí i ranganna a Dó agus a Sé i SLG, agus le daltaí i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta meánscóir níos airde a fháil ar léitheoireacht Bhéarla ná daltaí i MN 2009. Bhí an meánscór ag daltaí i rang a Dó i scoileanna Gaeltachta trí phointe níos airde ná mar a bhí ag daltaí i MN 2009, ach ní raibh an difríocht suntasach ó thaobh staitistice.
- Bhí meánscór níos airde ag cailíní i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta ná mar a bhí ag buachaillí. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir buachaillí agus cailíní ag ranganna a Dó ná a Sé in SLG, ná ag rang a Dó i scoileanna Gaeltachta.
- I rang a Dó, fuair daltaí SLG meánscór níos airde sa mhatamaitic ná mar a fuair daltaí i MN 2009. Ní raibh difríocht shuntasach sna meánscóir ag daltaí i scoileanna Gaeltachta agus i MN 2009. I rang a Sé, d'éirigh le daltaí i scoileanna Gaeltachta meánscór níos airde a fháil ná daltaí i MN 2009, cé nach raibh difríocht shuntasach idir na meánscóir ag daltaí i SLG agus i MN 2009. Ní raibh difríocht shuntasach idir na meánscóir ag daltaí i SLG agus i scoileanna Gaeltachta ag aon cheann den dá rangleibhéal.
- D'éirigh le buachaillí i ranganna a Dó agus a Sé i SLG meánscóir i fad níos airde a ghnóthú sa mhatamaitic ná mar a fuair cailíní, ach níorbh amhlaidh sna scoileanna Gaeltachta.
- Cé gur éirigh le daltaí i rang a Dó i SLG agus i scoileanna Gaeltachta araon, a rinne an triail mhatamaitice trí Bhéarla, meánscóir níos airde a fháil (le 20 agus 10 pointe faoi seach) ná mar a fuair daltaí a rinne an triail trí Ghaeilge, ní raibh na difríochtaí suntasach ó thaobh staitistice. I rang a Sé, bhí meánscór beagán níos airde ag daltaí i SLG a rinne an triail trí Ghaeilge ná iad siúd a rinne í trí Bhéarla cé gur tharla, i scoileanna Gaeltachta, go raibh meánscór beagán níos airde acu siúd a rinne na trialach trí Bhéarla. Arís, ní raibh aon cheann de na difríochtaí suntasach ó thaobh staitistice.
- Bhí céatadán na ndaltaí i rang a Dó i SLG a bhí ag feidhmiú ag Leibhéal 4 ar an scála inniúlachta don léitheoireacht Bhéarla (17%) níos airde ná an céatadán i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna MN 2009 (10% araon). Ar an dul céanna, bhí níos lú daltaí (21%) i rang a Dó i SLG a bhí ag feidhmiú ag Leibhéal 1 nó faoina bhun, i gcomparáid le daltaí i scoileanna Gaeltachta (34%) agus i MN 2009 (35%). I rang a Sé, bhí níos lú daltaí i SLG agus scoileanna Gaeltachta (4% agus 5% faoi seach) a bhí ag feidhmiú faoi bhun Leibhéal 1, i gcomparáid le MN 2009 (10%).
- Bhí 44% de dhaltaí i SLG, 42% i scoileanna Gaeltachta, agus 35% i MN 2009 a bhí ag feidhmiú ag Leibhéal 3 nó 4 ar scála inniúlachta na matamaitice do rang a Dó. Bhí na comhréireanna céanna nach mór acu siúd sna trí chineál scoile (8%, 8% agus 10% faoi seach) a bhí ag feidhmiú faoi bhun Leibhéal 1. Sa mhatamaitic i rang a Sé, bhí níos mó daltaí i scoileanna Gaeltachta (42%) ná i SLG (36%) agus scoileanna MN 2009 (35%) ag feidhmiú ag Leibhéal 3 nó 4. Sa tslí chéanna, bhí beagán níos lú de dhaltaí na scoileanna Gaeltachta ag feidhmiú faoi bhun Leibhéal 1 (5%) ná mar a bhí i SLG (7%) agus i scoileanna MN 2009 (10%).

Caibidil 4

Proifíl na nDaltaí agus a dTeaghlach

Tá ceithre phríomh rannán sa chaibidil seo. Sa chéad rannán déantar cur síos ar thréithe teachlaigh na ndaltaí. Sa dara rannán, déantar timpeallacht oideachasúil baile na ndaltaí a phlé. Sa tríú rannán, breathnaítear ar dhearcthaí tuismitheoirí agus daltaí i leith na Gaeilge, mar aon leis an úsáid a bhaineann siad as Gaeilge. Déanann an ceathrú rannán cur síos ar mhianta tuismitheoirí agus daltaí don iar-bhunscolaíocht.

Tréithe Teaghlach


Sa cheistneoir tuismitheora, iarradh ar thuismitheoirí a thabhairt le fios cén post (faoi láthair nó an ceann is déanaí) a bhí acu féin agus ag a bpáirtneír. Rinneadh scalú ar na postanna ag baint úsáide as innéacs socheacnamaíoch idirnáisiúnta (Ganzeboom, de Graaf & Treiman, 1992). Bhí raon scór idir 16 agus 90 pointe. Do dhaltá a raibh dhá scór ag dul dóibh, i.e. ceann do gach tuismitheoir, bronnadh an scór ba mhó orthu.

I ranganna a Dó agus a Sé araon, bhí an meánstádas socheacnamaíoch a bhí ag daltaí a bhí ag freastal ar Scoileanna Lán-Ghaeilge (SLG) níos airde ná é siúd a bhí ag daltaí a bhí ag freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar scoileanna i MN 2009. Bhí na difríochtaí i bhfabhar daltaí ó SLG sa raon idir aon-tríú agus aon-leath de dhiall caighdeánach, agus é seo ag brath ar leibhéal ranga.

Léiríonn Figiúr 4.1 na céatadáin daltaí i rang a Sé i Scoileanna Lán-Ghaeilge, i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna MN 2009 a bhí aicmithe ó theaghlaigh le stádas shocheacnamaíoch a íseal, meánach agus ard (is iad na pointí scoite a úsáideadh ná iad siúd a bhí ann do MN 2009). Níl ach 20% de dhaltá rang a Sé SLG i dteaghlaigh le stádas socheacnamaíoch íseal – céatadán níos ísle ná mar a bhí sna scoileanna Gaeltachta (39%) agus scoileanna MN 2009 (32%) (Figiúr 4.1). Os a choinne sin, tháinig 45% de dhaltá rang a Sé i SLG ó chúlra le stádas socheacnamaíoch ard – níos mó i gcoibhneas le scoileanna na Gaeltachta (28%) agus le scoileanna MN 2009 (30%).

Ar aon dul leis na torthaí ó MN 2009, bhí ceangal idir teaghlaigh le stádas socheacnamaíoch ard (SES) agus leibhéal ghnóthachtála níos airde a bheith acu. I ranganna a Dó agus a Sé araon i Scoileanna Lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta, d'éirigh le daltaí ó theaghlaigh le stádas socheacnamaíoch ard meánscór léitheoireachta níos airde a ghnóthú ná mar a fuair daltaí ó theaghlaigh le stádas socheacnamaíoch íseal. Ina theannta sin, fuair daltaí ó theaghlaigh le stádas socheacnamaíoch meánach meánscór léitheoireachta sa Bhéarla níos airde ná mar a fuair daltaí ó theaghlaigh le stádas socheacnamaíoch íseal, ach amháin i rang a Dó i scoileanna Gaeltachta nuair nach raibh difríocht shuntasach ann.

Figiúr 4.1: Céatadán daltaí i rang a Sé ó theaghlaigh le stádais shocheacnamaíocha ard, meánach agus íseal



Bhí tromlach mór de dhaltai i ngach cineál scoile ina gcónaí i dteaghlaigh ina raibh tuismitheoir amháin ar a laghad fostaithe, cé go raibh na céatadán i Scoileanna Lán-Ghaeilge (91% i ranganna a Dó agus a Sé araon) níos airde ná i scoileanna Gaeltachta (rang a Dó: 84%; rang a Sé: 82%). Bhí an céatadán daltaí i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge agus a bhí ina gcónaí i dteaghlaigh aontuiste idir 15% do dhaltai i rang a Dó i scoileanna Gaeltachta go 21% do dhaltai i rang a Sé i Scoileanna Lán-Ghaeilge. I MN 2009, bhí 20% de dhaltai i ranganna a Dó agus a Sé araon ina gcónaí i dteaghlaigh aontuiste.

Ní raibh ach 6% de dhaltai i rang a Sé i Scoileanna Lán-Ghaeilge a rugadh lasmuigh d'Éireann, i gcomparáid le 13% de dhaltai i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta agus 15% go náisiúnta. B'ionann na céatadán i rang a Dó.

Thug beagnach gach dalta i SLG (rang a Sé: 98%; rang a Dó: 94%) agus thart ar thrí-cheathrú de dhaltai i scoileanna Gaeltachta (rang a Sé: 74%; rang a Dó: 78%) le fios gur Béarla an teanga ba mhó a bhí a labhairt acu sa bhaile. Béarla an teanga ba mhó a bhí in úsáid sa bhaile dar le MN 2009, le 90% ar a laghad de dhaltai i rang a Dó agus i rang a Sé araon ag tuairisciú gur Béarla an teanga ba mhó a bhí in úsáid acu sa bhaile.

Ba bheag dalta SLG a thuiriscigh go raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu sa bhaile (rang a Dó: 4%; rang a Sé: 2%) ach os a choinne thuiriscigh idir aon-chúigiú agus aon-cheathrú de dhaltai ag an dá rangleibhéal sna scoileanna Gaeltachta gur í an Ghaeilge an teanga baile. Bhí níos lú ná 2% de dhaltai i scoileanna a bhí ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge a dúirt go raibh teanga eile seachas Béarla ná Gaeilge mar phríomhtheanga baile. Ní hionann mar a bhí i MN 2009, mar a raibh 9% i rang a Dó agus 5% i rang a Sé a dúirt gur mar sin a bhí acu féin sa bhaile.

Ar an iomlán, i scoileanna a bhí ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, ní raibh aon cheangail shuntasacha ó thaobh staitistice idir an phríomhtheanga a bhí á labhairt sa bhaile agus an ghnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla. Mar sin féin, i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta, bhí meánscór níos airde ag daltaí a dúirt go raibh Béarla á labhairt acu sa bhaile ná mar a bhí ag daltaí a dúirt gurb í an Ghaeilge a bhí á labhairt acu, ná ag na daltaí a dúirt go raibh teanga seachas Béarla ná Gaeilge in úsáid acu (cé nach raibh sa ghrúpa sin ach 2% de dhaltai rang a Sé i scoileanna Gaeltachta). Aon-tríú de dhiall caighdeánach a bhí mar dhifríocht sa mheánscór idir daltaí rang a Sé i scoileanna Gaeltachta a labhair Béarla agus iad siúd a labhair Gaeilge, ach ba mhó an bhearna fábharach, os cionn aon-agus-aon-tríú dialltaí caighdeánacha ag daltaí a labhair Béarla seachas teangacha nár Bhéarla ná Gaeilge iad.

Atmaisféar Baile agus Tacaíochtaí


Tá fianaise le fáil ó MN 2009 (Eivers et al., 2010a) a léiríonn ceangal láidir idir timpeallacht thacúil baile agus rath sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic.

Iarradh ar thuismitheoirí sa staidéar reatha meastachán a dhéanamh ar an méid leabhar a bhí acu sa teach. Léiríonn Figiúr 4.2 go raibh mórdhifríochtaí idir an méid leabhar Béarla agus Gaeilge a bhí ar fáil mar aon leis an bhfáil a bhí i gcoitinne ar leabhair.

Ba bheag ar fad an méid daltaí (6%) i rang a Sé i SLG a bhí ina gcónaí i dtithe ina raibh 10 leabhar Béarla nó níos lú sa bhaile, cé go raibh nach mór dhá-thrian (64%, Figiúr 4.2) a raibh 10 leabhar Gaeilge nó níos lú acu sa bhaile. B'ionann an scéal sa bhaile ag daltaí a bhí ag freastal ar scoileanna Gaeltachta, mar a raibh 11% i rang a Sé le 10 leabhar Béarla nó níos lú ach 56% le 10 leabhar Gaeilge nó níos lú.

I ranganna a Dó agus a Sé araon, bhí meánuimhir níos airde de leabhair Bhéarla ag daltaí SLG sa bhaile ná mar a bhí ag daltaí i scoileanna Gaeltachta. Is í an difríocht ag leibhéal ranga a Dó ná thart ar 30 leabhar agus, ag leibhéal ranga a Sé, thart ar 40 leabhar. Bhí sé mar ghnáthnós i scoileanna Gaeltachta go raibh níos mó leabhar Gaeilge ag daltaí sa bhaile ach ní raibh na difríochtaí suntasach ó thaobh staitistice.

Figiúr 4.2: Céatadán daltaí i rang a Sé le méideanna éagsúla leabhar Béarla agus Gaeilge sa bhaile



Ar aon dul leis na torthaí ó MN 2009, a léirigh go bhfuair daltaí a raibh níos mó leabhar acu sa bhaile scóir léitheoireachta níos airde, léiríodh comhcheangal dearfach idir an méid leabhar Béarla sa bhaile agus an ghnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla i Scoileanna Lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta. Bhí an comhcheangal seo suntasach ó thaobh staitistice do ranganna a Dó agus a Sé araon i Scoileanna Lán-Ghaeilge ach do rang a Sé amháin i scoileanna Gaeltachta. Ní raibh comhcheangal suntasach idir an méid leabhar Gaeilge sa bhaile agus gnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla.

Thuairiscigh tuismitheoirí go raibh áit chiúin ag os cionn 90% de dhaltaí chun obair bhaile a dhéanamh. I rang a Sé, i Scoileanna Lán-Ghaeilge and scoileanna Gaeltachta araon, ghnóthaigh na daltaí seo scór níos airde sa léitheoireacht ná daltaí nach raibh áit chiúin acu don staidéar. Bhí difríocht shuntasach freisin i MN 2009.

Thuairiscigh Eivers et al. (2010a) go raibh teilifís ina seomra leapa ag tromlach na ndaltaí (62% ó rang a Sé agus 53% ó rang a Dó) a bhí páirteach i MN 2009. Tá na céatadán

beagán níos ísle ag daltaí i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge mar a ndúirt thart ar 50% acu i rang a Sé agus 45% acu i rang a Dó i SLG agus i scoileanna Gaeltachta araon go raibh teilifís acu ina seomra leapa. Ag an dá rang leibhéal agus i SLG agus scoileanna Gaeltachta araon, fuair siad siúd nach raibh teilifís acu ina seomra leapa scór idir 20 agus 30 pointe níos airde mar mheán ná iad siúd a raibh teilifís acu.

Mar aon leis na torthaí ó MN 2009, ba mhó an seans ag daltaí ó chúlra soceacnamaíoch níos ísle teilifís a bheith acu ina seomra leapa.

Tuismitheoirí, Daltaí agus an Ghaeilge

Ba iad na céatadáin de dhaltaí SLG i ranganna a Dó agus a Sé a bhí i dteaghlaigh nach raibh ar chumas ceachtar tuismitheoir Gaeilge a labhairt ná 21% agus 39% faoi seach. Bhí na céatadáin níos ísle i scoileanna Gaeltachta: i rang a Dó, ní raibh ach 13% de dhaltaí ina gcónaí i mbailte nár labhair ceachtar tuismitheoir Gaeilge, agus i rang a Sé, 17% a bhí i gceist.

Chónaigh os cionn 90% de dhaltaí SLG ó ranganna a Dó agus a Sé i dtithe nár fhreastail ceachtar tuismitheoir ar iar-bhunscoil a bhí ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Ba iad na figiúirí a bhí i gceist i gcás daltaí i scoileanna Gaeltachta ná 63% do rang a Dó agus 57% do rang a Sé.

Tá sé luaite thuas nár thuairiscigh ach 2-4% de dhaltaí SLG gur í an Ghaeilge an teanga is mó a bhíonn á labhairt acu sa bhaile. Mar sin féin, nuair a tugadh an ráiteas dóibh ‘Úsáidim a lán Gaeilge sa bhaile’, d’aontaigh 14% de dhaltaí rang a Sé agus 23% de dhaltaí rang a Dó i SLG leis seo. Ar an dul céanna, i scoileanna Gaeltachta, cé go raibh 20-24% de dhaltaí a léirigh gur í an Ghaeilge a bhíonn mar phríomhtheanga acu sa bhaile, bhí idir 36-44% a thug le fios go mbíonn a lán Gaeilge á labhairt acu sa bhaile.

I rang a Dó, bhí thart ar 80% de dhaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta araon a thug le fios gur maith leo Gaeilge a labhairt ar scoil. I rang a Sé, bhí thart ar 55% de dhaltaí i ngach cineál scoile a d’aontaigh, nó a d’aontaigh go láidir, gur maith leo Gaeilge a labhairt ar scoil.

Ní raibh an dearcadh ó dhaltaí, go háirithe iad siúd i Scoileanna Lán-Ghaeilge, chomh dearfach céanna maidir le labhairt na Gaeilge sa bhaile. Ní raibh ach 40% de dhaltaí rang a Dó agus 21% de dhaltaí rang a Sé i Scoileanna Lán-Ghaeilge a dúirt gur maith leo Gaeilge a labhairt sa bhaile. Ba iad na céatadáin i gcás na scoileanna Gaeltachta ná 51% agus 48% faoi seach.

Scolaíocht Todhchaí

Iarradh ar thuismitheoirí dhaltaí rang a Dó ar cheap siad go leanfadh a bpáiste sa bhunscoil reatha go deireadh rang a Sé, agus freisin ar cheap siad go mbeadh a bpáiste ag freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Thug os cionn 95% de thuismitheoirí rang a Dó i Scoileanna Lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta araon le fios go bhfanfadh a bpáiste sa scoil reatha go deireadh rang a Sé; bhí thart ar 3% éiginnte; bhí thart ar 1% a shíl go n-athródh an páiste roimh dheireadh a dtréimhse bunscolaíochta. Bhí thart ar dhá-thrian de dhaltaí rang a Dó a raibh a dtuismitheoirí ag súil go leanfaidís ar aghaidh chuig iar-bhunscoil a bheadh ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. I rang a Sé, bhí céatadán níos mó de thuismitheoirí na ndaltaí Gaeltachta (61%) i gcomparáid le daltaí SLG (46%) a dúirt go bhfreastalódh a bpáiste ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.

Iarradh ar dhaltaí rang a Sé freisin maidir lena bpleananna don oideachas iar-bhunscoile, i.e. ar cheap siad go mbeidís ag freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Dúirt thart ar

Proifil na nDaltaí agus a dTeaghlach

leath de na daltaí gur cheap siad go mbeidís ag freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (45% de dhaltaí SLG agus 52% de dhaltaí Gaeltachta).

Thug thart ar an ceathrú cuid de dhaltaí rang a Sé i SLG agus thart ar an ceathrú cuid de dhaltaí rang a Sé sa Ghaeltacht le fios nach mbeidh siad ag freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge toisc nach bhfuil a leithéid ar fáil gar dá mbaile.

Iarradh freisin ar dhaltaí i rang a Sé ar mhaith leo nó nár mhaith leo freastal ar an iar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge. Sna Scoileanna Lán-Ghaeilge, dúirt 40% de dhaltaí gur mhaith, agus go bhfreastalóidh siad ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, agus ní raibh ach 5% a bheidh ag freastal ar a leithéid de scoil ach a dúirt nár mhaith leo sin. Ar an dtaobh eile, thug 13% le fios nach mbeidh siad ag freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ach gur mhaith leo sin. Bhí an chuid eile (43%) a cheap, agus a bhí ag súil, go mbeidís ag freastal ar iar-bhunscoil nach mbeadh ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. B'ionann na céatadáin do na scoileanna Gaeltachta cé nach raibh ach 7% de dhaltaí nach mbeidh ag freastal ar iar-bhunscoil trí mheán na Gaeilge cé gur mhaith leo an deis sin a bheith acu.

Príomhphointí

- Bhí meánstádas socheacnamaíoch na ndaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge níos airde ná mar a bhí ag daltaí i scoileanna Gaeltachta agus i mbunscoileanna i gcoitinne.
- Ní raibh ach 7% de dhaltaí rang a Dó agus 6% de dhaltaí rang a Sé i Scoileanna Lán-Ghaeilge a rugadh lasmuigh d'Eireann i gcomparáid le 11-13% de dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus 14-15% de dhaltaí go náisiúnta.
- Bhí an cúigiú cuid de dhaltaí ranga a Dó agus an ceathrú cuid de dhaltaí rang a Sé i scoileanna Gaeltachta a thug le fios gur í an Ghaeilge a bpríomhtheanga labhartha sa bhaile. Ní raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga baile ach ag 4% de dhaltaí rang a Dó agus 2% de dhaltaí rang a Sé i Scoileanna Lán-Ghaeilge. Bhí céatadáin níos airde daltaí a dúirt go raibh a lán Gaeilge á labhairt acu sa bhaile, cé nárbh í sin an phríomhtheanga sa bhaile.
- Thug tuismitheoirí le fios go raibh níos lú leabhar Gaeilge ná leabhar Béarla acu sa bhaile. Bhí suas le dhá-thrian de dhaltaí i dtithe ina raibh 10 leabhar Gaeilge nó níos lú agus ní raibh ach duine as gach deichniúr dalta Gaeltachta agus duine as gach fiche dalta SLG i dtithe ina raibh 10 leabhar Béarla nó níos lú. Mar a bhí le Measúnuithe Náisiúnta 2009, fuarthas ceangal dearfach idir an méid leabhar a bhí sa bhaile agus gnóthachtáil léitheoireachta an dalta.
- Mar a bhí le MN 2009, fuair daltaí a dúirt go raibh teilifís acu ina seomra leapa scóir don léitheoireacht agus don mhatamaitic a bhí níos ísle mar mheán ná daltaí nach raibh teilifís acu ina seomra leapa. Ba mhó seans teilifís a bheith sa seomra leapa ag daltaí ó chúlra socheacnamaíoch níos ísle.
- Dar le tuismitheoirí, bheadh 61% de dhaltaí rang a Sé i scoileanna Gaeltachta, agus 46% de dhaltaí SLG ag freastal ar iar-bhunscoil a bheadh ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

Caibidil 5


Proifíl Scoileanna agus Ranganna

Déanann an caibidil seo cur síos a dhéanamh ar thréithe, ar chleachtais agus ar áiseanna i scoileanna agus i seomraí ranga; i gCaibidil 7 déantar an mhionanailís maidir leis na comhcheangail idir na tréithe seo agus an ghnóthachtáil a iniúchadh.

Tréithe Scoileanna agus Múinteoirí

Léiríonn Figiúr 5.1 go bhfuil an meánstádas socheacnamaíoch (SSE) ag Scoileanna Lán-Ghaeilge (SLG) níos airde ná scoileanna Gaeltachta (aon diall caighdeánach níos airde) agus scoileanna i MN 2009 (ceithre-chúigiú de dhiall caighdeánach). Tá na difríochtaí seo araon suntasach ó thaobh staitistice. Tá ocht faoin gcéad de dhaltaí SLG sa Chlár Tacaíochta Scoile (CTS) faoi DEIS (Bandaí Uirbeacha 1 nó 2), cé gur 44% atá i gceist i gcás dhaltaí na scoileanna Gaeltachta a bhí sa diminsean tuaithe den CTS. I SLG agus scoileanna Gaeltachta araon, bhí meánghnóthachtáil na léitheoireachta sa Bhéarla ag daltaí i rang a Dó i scoileanna SSE níos lú, le haon-trian (Gaeltacht) go leath (SLG) de dhiall caighdeánach. I rang a Sé, ba i SLG amháin a bhain suntas ó thaobh staitistice leis an difríocht agus bhí méid na difríochta mórán mar an gcéanna le rang a Dó.

Figiúr 5.1: Meánstádas socheacnamaíoch scoile i scoileanna a raibh daltaí rang a Sé ag freastal



I ranganna a Dó agus a Sé araon, ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir na meánscóir léitheoireachta a fuair daltaí i SLG DEIS Banda 2 agus iad siúd i MN 2009 DEIS Banda 2. Ar aon dul leis sin, ní raibh aon difríochtaí suntasacha sna meánscóir léitheoireachta ag daltaí scoileanna tuaithe sa Ghaeltacht i CTS faoi DEIS agus iad siúd i scoileanna tuaithe i CTS faoi DEIS i MN 2009.

Bhí tromlach na ndaltaí ag leibhéal ranga a Dó agus a Sé á múineadh ag múinteoirí baineann (rang a Sé: 75% i SLG agus 62% i scoileanna Gaeltachta; rang a Dó: 79% i SLG agus 94% i scoileanna Gaeltachta) agus ag múinteoirí i bpostanna buanna (rang a Sé: 95% i SLG agus 91% i scoileanna Gaeltachta; rang a Dó: 84% i SLG agus 91% i scoileanna Gaeltachta). Thug gach múinteoir a bhí i suirbhé NAIMS le fios go rabhadar cáilithe mar mhúinteoirí. Bhí 13 bliain mar mheántréimhse taithí múinteoireachta ag múinteoirí rang a Sé i SLG i gcomparáid le 20 bliain mar mheántréimhse taithí ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta; tá suntas ó thaobh staitistice de ag baint leis an difríocht seo. Ar an dul céanna, i rang a Dó, bhí

Proifil Scoileanna agus Ranganna

an meántréimhse taithí múinteoireachta ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta (18 mbliana i gcomparáid le 8 mbliana). Bhí díreach os cionn 16 bliana taithí ag múinteoirí rang a Sé i MN 2009, mar mheán, agus 11 bliana a bhí i gceist maidir le múinteoirí rang a Dó.

Bhí an-éagsúlacht i méid na ranganna (i.e. an líon iomlán daltaí bhí ag an múinteoir do mhúineadh an Bhéarla, iad siúd sa spriocghrád san áireamh) sna scoileanna éagsúla, sa raon ó 13 go 39 i ranganna le daltaí rang a Sé i SLG agus ó 6 go 33 dalta i ranganna le daltaí rang a Sé i scoileanna Gaeltachta. Bhí seasca-cúig faoin gcéad de dhaltaí i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta i ranganna ilghrád i gcomparáid le 14% de dhaltaí SLG. I MN 2009, bhí thart ar an tríú cuid de dhaltaí rang a Sé á múineadh i ranganna ilghrád. Ba é an meánuimhir i ranganna aon-ghrád a Sé ná 26.0 i SLG agus 22.1 i scoileanna Gaeltachta (Tábla 5.1).

Tábla 5.1: Céatadán daltaí i seomraí ranga ilghrád agus aonghrád, de réir, i ngach cás, cineál scoile agus meánmhéid ranga (rang a Sé)

	SLG		Gaeltacht		MN 2009	
	%	Meán	%	Meán	%	Meán
Ilghrád	14	26.6	65	18.8	32	23.4
Aonghrád	86	26.0	35	22.1	68	25.9

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Bhí tríocha-hocht faoin gcéad de dhaltaí i rang a Sé i SLG agus 28% i scoileanna Gaeltacht á múineadh ag múinteoirí nach raibh aon fhorbairt ghairmiúil bainteach le Béarla ná matamaitic déanta acu sna trí bliana roimh NAIMS. Ba é an meastachán comhfhreagrach do MN 2009 ná 28%. Bhí na céatadán níos airde ag rang a Dó (SLG: 52%; Gaeltacht: 41%; MN 2009: 35%). Ba é meán-uimhir na laethanta FGL (tacaíocht ó chúntóirí ón tSeirbhís Ghairmiúil do Bhunscoileanna san áireamh) don Bhéarla agus don mhatamaitic araon do mhúinteoirí dhaltaí i rang a Sé ná 3.5 i scoileanna Gaeltachta agus 2.3 i SLG. Ba é an meán comhfhreagrach i MN 2009 ná 3.5 lá.

I gceisteanna oscailte, iarradh ar mhúinteoirí a dtosaíochtaí pearsanta don FGL a léiriú. Don Bhéarla, luaigh múinteoirí 26% de dhaltaí rang a Sé i SLG agus 42% de dhaltaí rang a Sé i scoileanna Gaeltachta an fhorbairt ar scileanna dhaltaí sa scríbhneoireacht chruthaitheach. Luaigh múinteoirí na ndaltaí freisin an teanga labhartha (múinteoirí 19% de dhaltaí i SLG, 34% i scoileanna Gaeltachta), scileanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) (20% i SLG, 25% i scoileanna Gaeltachta) agus stráitéisí/ábhair don obair le daltaí nach raibh ag éirí go maith leo (12% i SLG, 19% i scoileanna Gaeltachta). Bhí na riachtanais don FGL do Bhéarla morán mar an gcéanna ag leibhéal rang a Dó.

Don mhatamaitic, ba iad an dá réimse ba mhó a aithníodh mar riachtanais ag múinteoirí rang a Sé ná úsáid TFC/cláir bhána idirghníomhacha (múinteoirí 32% de dhaltaí i SLG, 44% i scoileanna Gaeltachta) agus an fhorbairt ar scileanna réitithe fadhbanna (21% i SLG, 31% i scoileanna Gaeltachta). Topaicí eile a luadh go minic ná na teagasc i suímh ilghrád /idirdhealú, an úsáid ar láimhseoga nó ábhair láimhe, ag obair le daltaí le riachtanais speisialta /deacrachtaí, agus ag obair le daltaí ardghnóthachtála. I rang a Dó, ba iad na réimsí ba mhó a bhí luaite ag múinteoirí i scoileanna a bhí ag obair trí mheán na Gaeilge ná an teagasc ar thopaicí ar leith (m.sh., am nó airgead), ag baint úsáide as TFC/gréasáin idirlín oiriúnacha a úsáid, an teagasc do ghrúpaí cumais mheasctha (m.sh., i rang ilghrád), agus an teagasc do dhaltaí le riachtanais speisialta.

Soláthar ar Thacaíochtaí Breise

Tacaíocht Teanga

D'fhreastail formhór na ndaltaí (idir 53% i rang a Dó i SLG agus 60% i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta) ar scoileanna inar thuairiscigh an príomhoide nár labhair aon dalta teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile. Ní raibh ach 2% de dhaltaí rang a Sé i scoileanna Gaeltachta agus níos lú ná 1% i SLG a labhair teanga seachas Béarla nó Gaeilge mar a máthairtheanga. Thuairiscigh príomhoidí nach raibh, ar an iomlán, ach 1% de dhaltaí i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta agus i SLG a raibh tacaíocht teanga á fháil acu don Bhéarla. Bhí céatadán mórán mar an gcéanna daltaí, ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge.

Léiríodh a mhalairt de phictiúr i MN 2009 mar a raibh thart ar 10% de dhaltaí ag labhairt teangacha seachas Béarla ná Gaeilge sa bhaile agus bhí 6% ag fáil tacaíochta teanga don Bhéarla.

Tacaíochta Foghlama/Acmhainne

Léirigh múinteoirí go raibh 16% de dhaltaí rang a Dó i SLG agus 20% i scoileanna Gaeltachta a raibh Tacaíocht Foghlama (TF) nó múinteoireacht acmhainne (MA) á fháil acu don Bhéarla (Tábla 5.2). Ba iad na figiúirí comhfhreagracha i rang a Dó ná 10% agus 18% faoi seach. D'fhreastail 8% de dhaltaí i rang a Dó i SLG agus 10% de dhaltaí i rang a Sé ar TF/MA don mhata. B' iad na meastacháin chomhfhreagracha do scoileanna Gaeltachta ná 10% agus 11% faoi seach.

Tábla 5.2: Céatadáin daltaí a raibh tacaíocht foghlama/múinteoireacht acmhainne á fháil acu don Bhéarla nó don mhatmaitic, bunaithe ar thuairiscí múinteoirí ar dhaltaí aonair

		SLG	Gaeltacht	MN 2009
Rang a Dó	Béarla	16	20	16
	Matamaitic	8	10	11
Rang a Sé	Béarla	10	18	11
	Matamaitic	10	11	10

Bhí níos mó TF/MA á fháil ag daltaí ó scoileanna CTS faoi DEIS a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge ná mar a bhí á fháil ag daltaí ó scoileanna nach raibh i CTS. Mar shampla, i rang a Sé, bhí 15% de dhaltaí i mbanda 2 DEIS SLG ag fáil TF/MA don Bhéarla, i gcomparáid le 9% lasmuigh de DEIS. I MN 2009, i rang a Sé bhí TF/MA don Bhéarla á fháil ag 16% de dhaltaí i scoileanna Banda 2 DEIS.

Thuairiscigh múinteoirí gurbh é an bealach ba choitianta le tacaíocht bhreise a sholáthar don Bhéarla agus don mhatamaitic ná trí ghrúpaí a thógaint amach as an seomra ranga. Baineadh úsáid go forleathan as an gcur chuige seo i ranganna a Dó agus a Sé araon. Bhí trí-cúigiú de dhaltaí rang a Sé i ranganna ina raibh an tacaíocht don Bhéarla á sholáthar ar an mbealach seo.

Soláthar Tacaíochta do Dhaltaí agus do Thuismitheoirí

Iarradh ar phríomhoidí an raibh a scoileanna tar éis cláir do thuismitheoirí a reachtáil chun tacú leo cúnaimh a thabhairt dá bpáiste le léitheoireacht Bhéarla, léitheoireacht Ghaeilge nó le matamaitic. Cé go raibh tromlach mór de dhaltaí rang a Sé SLG (84%) cláraithe i scoileanna a chuir cláir thacaíochta ar fáil don léitheoireacht Bhéarla, bhí an céatadán comhfhreagrach do scoileanna Gaeltachta (46%) níos ísle (Tábla 5.3). D'fhreastail thart ar dhá-thrian (65%) de dhaltaí rang a Sé i MN 2009 ar scoileanna a chuir cláir thacaíochta ar fáil do thuismitheoirí don léitheoireacht Bhéarla.

Proifil Scoileanna agus Ranganna

Tábla 5.3: Céatadán daltaí rang a Sé i scoileanna inar cuireadh cláir ar fáil do thuismitheoirí chun tacú le léitheoireacht Bhéarla, matamaitic nó léitheoireacht Ghaeilge a bpáiste

	SLG	Gaeltacht	MN 2009
Léitheoireacht Bhéarla	84	46	65
Léitheoireacht Ghaeilge	49	39	---
Matamaitic	20	10	29

Infhaighteacht Acmhainní

Teicneolaíocht

Bhí an chuid is mó de dhaltáí rang a Sé (87% i SLG; 96% i scoileanna Gaeltachta; 76% i MN 2009) i seomraí ranga ina raibh ríomhaire amháin ar a laghad. Cé go raibh na céatadán beagán níos ísle ná i rang a Dó seachas rang a Sé i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge, bhí an chuid is mó de dhaltáí rang a Dó i seomraí ranga freisin ina raibh ríomhaire amháin ar a laghad (77% i SLG; 78% i scoileanna Gaeltachta; 77% i MN 2009).

Ag breathnú ar an gcóimheas iomlán de dhaltáí le ríomhaire ar scoil, bhí an cóimheas beagán níos fearr i scoileanna Gaeltachta (12 dalta do gach ríomhaire i rang a Sé agus 13 i rang a Dó) ná mar a bhí i SLG (23 dalta do gach ríomhaire i rang a Sé agus a Dó), cé nach raibh na difríochtaí idir scoileanna suntasach ó thaobh statistice. Bhí na cóimheasa daltaí le ríomhaire – a tháinig ó MN 2009 (12 i ranganna a Dó agus a Sé) ar aon dul leo siúd sna scoileanna Gaeltachta sa staidéar reatha.

Leabharlanna Scoile agus Ranga

Thug príomhoidí le fios go raibh formhór na ndaltáí i rang a Sé cláraithe i scoileanna ina raibh leabharlanna ranga i ngach seomra ranga. Bunaithe ar thuairiscí múinteoirí, bhí an-éagsúlachtaí idir scoileanna i líon na leabhar Béarla agus Gaeilge sna seomraí ranga ag daltaí rang a Sé. I SLG, bhí 90% de dhaltáí rang a Sé i seomraí ranga ina raibh idir 75 agus 450 leabhar; ba é an raon comhfhreagrach a bhí i scoileanna Gaeltachta ná 135 go 742. Ar an meán, bhí fáil ag daltaí i rang a Sé i scoileanna Gaeltachta ar níos mó leabhar Béarla, leabhar Gaeilge agus ar leabhair i gcoitinne ina seomraí ranga ná mar a bhí ag daltaí SLG. Mar aon leis sin, bhí, ar an meán, an cóimheas daltaí is leabhar níos fearr. Cé go raibh fáil ag daltaí i scoileanna Gaeltachta ar níos mó leabhar ina seomraí ranga, is dócha go raibh fáil níos fearr ag daltaí SLG ar leabhair sa leabharlann scoile mar bhí seans níos fearr go raibh leabharlanna scoile i SLG ná i scoileanna Gaeltachta.

Tús le Teagasc Foirmiúil na Léitheoireachta

Bhí formhór na ndaltáí i scoileanna inar thuairiscigh an príomhoide ráiteas scríofa a bheith sa Phlean le haghaidh Forbairt Scoile faoi thús an teagaisc fhoirmiúil ar léitheoireacht Bhéarla (100% de dhaltáí rang a Dó i SLG, 87% i scoileanna Gaeltachta), faoi thús an teagaisc fhoirmiúil ar léitheoireacht Ghaeilge (98% de dhaltáí i SLG, 94% de dhaltáí i scoileanna Gaeltachta) agus faoi theagasc na matamaitice trí Ghaeilge (74% de dhaltáí rang a Dó i SLG, 88% i scoileanna Gaeltachta). Iarradh freisin ar phríomhoidí i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge faoi pholasaí scoile don teanga inar thosaigh teagasc foirmiúil na léitheoireachta sa scoil.

Thosaigh beagnach trí ceathrú de dhaltáí rang a Dó SLG (73%) ar theagasc na léitheoireachta trí Ghaeilge, 17% trí Bhéarla, agus 11% trí Bhéarla agus trí Ghaeilge. I scoileanna Gaeltachta, bhí céatadán na ndaltáí ó rang a Dó i ngach ceann de na trí chatagóir (tús le Gaeilge amháin, le Béarla amháin, nó le Gaeilge agus le Béarla) mórán mar an gcéanna; bhí thart ar an tríú cuid de dhaltáí i ngach catagóir.

I SLG, ní raibh aon difríochtaí suntasacha i meánghnóthachtáil na léitheoireachta sa Bhéarla ag daltaí i rang a Dó ná rang a Sé a d'fhreastail ar scoileanna ina raibh sé mar pholasaí tús a chur le teagasc na léitheoireachta i nGaeilge, i mBéarla, nó i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna. I scoileanna Gaeltachta, bhí meánscór léitheoireachta níos ísle ag daltaí a d'fhreastail ar scoileanna ina raibh sé mar pholasaí tús a chur le teagasc na léitheoireachta don Bhéarla agus don Ghaeilge ag an am céanna ná mar a bhí ag daltaí i scoileanna ina raibh sé mar pholasaí tús a chur le teagasc na léitheoireachta i mBéarla amháin. Thart ar aon-tríú de dhíall caighdeánach a bhí mar dhifríocht. Ní raibh difríochtaí i rang a Dó a bhí suntasach ó thaobh staitistice.

Dar le príomhoidí scoile, agus ar aon dul le polasaí scoile, bhí thart ar an tríú cuid de na daltaí rang a Dó i SLG agus thart ar leath de na daltaí sna scoileanna Gaeltachta tar éis tosú ar theagasc na léitheoireachta Béarla sna Naíonáin Sóisir; bhí 43% sna scoileanna Gaeltachta agus 58% sna SLG tar éis tosú ar theagasc na léitheoireachta Béarla sna Naíonáin Sinsear. Thosaigh 10% de SLG agus 2% de scoileanna Gaeltachta ar theagasc na léitheoireachta Béarla i rang a hAon, agus thosaigh 5% de scoileanna Gaeltachta i rang a Dó.

Príomhphointí

- D'fhreastail níos lú ná 10% de dhaltaí SLG i rang a Sé ar scoileanna a bhí páirteach sa Chlár Tacaíochta Scoile (CTS) faoi scéim DEIS. I ranganna a Dó agus a Sé araon, fuair daltaí neamh-CTS meánscóir níos airde sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic ná daltaí CTC.
- D'fhreastail mionlach suntasach (44%) de dhaltaí rang a Sé i scoileanna Gaeltachta a bhí páirteach sa diminsean tuaithe den CTS. Ba í an t-aon dhifríocht shuntasach sa ghnóthachtáil ag daltaí Gaeltachta CTS agus daltaí a bhí i scoileanna Gaeltachta neamh-CTS ná sa léitheoireacht i rang a Dó, mar a raibh meánscóir níos airde ag daltaí neamh-CTS.
- Bhí an meánstádas socheacnamaíoch scoile (SES) i SLG níos airde ná é siúd i scoileanna Gaeltachta. Bhí sé níos airde freisin ná an meánstádas socheacnamaíoch scoile SES ag scoileanna a bhí páirteach i Measúnuithe Náisiúnta 2009.
- Bhí an meántaithí múinteoireachta ag múinteoirí a bhí ag múineadh i scoileanna Gaeltachta níos airde ná é siúd a bhí ag múinteoirí a bhí ag múineadh i SLG. Deich mbliana an difríocht i rang a Sé, agus ocht mbliana i rang a Dó.
- Ar an iomlán, sna SLG agus scoileanna Gaeltachta trí chéile, bhí an méid laethanta a chaith múinteoir ar fhorbairt ghairmiúil íseal, cé go raibh an toradh ar aon dul le MN 2009.
- Thuairiscigh múinteoirí go raibh, ar an meán, fíorbheagán daltaí i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge (2% nó níos lú) a labhair teangacha seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile agus a fuair tacaíocht teanga don Bhéarla.
- Thug príomhoidí le fios go raibh thart ar dhá as gach seachtar i rang a Sé i scoileanna a bhí ag fáil tacaíocht foghlama nó múinteoireacht acmhainne don Bhéarla. Bhí tacaíocht foghlama nó múinteoireacht acmhainne don Bhéarla nó don mhatamaitic á fháil ag thart ar dhuine as gach deichniúr dalta.
- Bhí timpeall trí-ceathrú de dhaltaí rang a Dó i SLG ina ndúirt príomhoidí gur i nGaeilge a bhí tús á chur le teagasc na léitheoireachta. Ní raibh sé chomh comónta ag príomhoidí SLG a thuairisciú gur i mBéarla amháin a bhí tús á chur le teagasc na léitheoireachta (bhí 17% de dhaltaí rang a Dó ina leithéid de scoileanna) ná gur i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna a bhí tús na léitheoireachta ag tosú (11% de dhaltaí rang a Dó). I scoileanna Gaeltachta, bhí gach ceann de na roghanna seo ar chomhchéim. Ar an iomlán, ní raibh ceangal idir an teanga inar thosaigh teagasc na léitheoireachta agus gnóthachtáil sa léitheoireacht.

Caibidil 6

Béarla agus Matamaitic – Teagasc agus Foghlaim

An Teanga do Theagasc na Matamaitice

Iarradh ar mhúinteoirí rang a Dó agus rang a Sé i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge an raibh, nó nach raibh, an mhatamaitic á múineadh acu trí Ghaeilge amháin, trí Bhéarla, nó trí mheascán de Ghaeilge agus de Bhéarla. Ní raibh aon daltaí i ranganna ina raibh sé le rá ag múinteoirí gur trí Bhéarla amháin a bhí an mhatamaitic á múineadh acu. I ranganna a Dó agus a Sé i scoileanna Gaeltachta, bhí thart ar leath de na daltaí i ranganna inar thuiriscigh múinteoirí gur trí Ghaeilge amháin a bhí siad ag múineadh agus bhí thart ar leath i ranganna ina raibh múineadh na matamaitice trí mheascán Béarla agus Gaeilge (Tábla 6.1). Bhí tromlach mór de dhaltáí rang a Dó i Scoileanna Lán-Ghaeilge (SLG) i ranganna ina raibh an mhatamaitic á múineadh trí Ghaeilge amháin ach faoi rang a Sé bhí beagnach leath de na daltaí i ranganna ina raibh an mhatamaitic á múineadh trí mheascán de Bhéarla agus de Ghaeilge.

Tábla 6.1: Céatadán daltaí a ndúirt múinteoirí go raibh teagasc na matamaitice á sholáthar trí Ghaeilge amháin¹ nó trí mheascán Béarla agus Gaeilge, de réir cineál scoile

	SLG		Gaeltacht	
	Gaeilge amháin	Meascán Béarla agus Gaeilge	Gaeilge amháin	Meascán Béarla agus Gaeilge
Rang a Dó	82	18	45	55
Rang a Sé	53	47	50	50

¹Níor múineadh matamaitic trí Bhéarla amháin do dhaltá ar bith.

I roinnt bheag cásanna, thug múinteoirí a raibh sé le rá acu go raibh siad ag teagasc trí Ghaeilge amháin míniú ar an fáth go raibh Béarla agus Gaeilge in úsáid acu i gcásanna áirithe; m.sh. “Tugaim téarmaí i mBéarla do dhaltáí sula ndéanann siad an triail chaighdeánach”, agus “I gcás deacrachta, tugaim míniú i mBéarla”.

Ba í an chúis ba mhó a bhí ag múinteoirí rang a Sé i SLG le meascán Gaeilge agus Béarla a úsáid ná go mbeadh formhór na ndaltáí ag dul ar aghaidh go hiar-bhunscoileanna ina mbeadh Béarla mar theanga teagaisc acu. Thagair múinteoirí freisin don éascú do dhaltáí maidir le coincheapanna matamaiticiúla (i mBéarla) a cheangal leis an saol laethúil agus an gá a bheadh acu le téarmaí i mBéarla dá saol. Bhí líon beag daltaí i ranganna inar thug múinteoirí le fios nach Gaeilge amháin a bhí in úsáid acu mar gheall ar dheacrachtaí le téarmaí Gaeilge, agus easpa acmhainní a bheith ar fáil trí Ghaeilge.


I ranganna a Dó agus a Sé i scoileanna Gaeltachta, ba í an chúis ba mhó a bhí luaite faoi mheascán teangacha a bheith in úsáid, seachas Gaeilge amháin, ná leibhéal cumais na ndaltáí sa Ghaeilge. I ranganna ina raibh meascán teangacha in úsáid, thug múinteoirí thart ar leath de dhaltáí rang a Dó agus an tríú cuid de dhaltáí rang a Sé le fios nach raibh go leor muiníne acu i gcumas na ndaltáí sa Ghaeilge chun an mhatamaitic a mhúineadh dóibh trí Ghaeilge amháin. Thug múinteoirí na ndaltáí i thart ar an ceathrú cuid de ranganna a Sé sa Gaeltacht, mar a raibh meascán teangacha in úsáid, le fios gur chuidigh úsáid an Bhéarla agus na Gaeilge araon le daltaí a raibh riachtanais oideachais speisialta acu. Luaigh múinteoirí rang a Sé sa chúigiú cuid de scoileanna Gaeltachta, mar a raibh Gaeilge agus Béarla in úsáid, gur í an chúis leis seo ná go mbeadh daltaí ag dul ar aghaidh go hiar-bhunscoileanna ina mbeadh an teagasc trí Bhéarla.

Níor léir aon mhórdhifríochtaí sna meánscoir don mhatamaitic i rang a Dó ná i rang a Sé idir iad siúd a raibh an teagasc á fháil acu trí Ghaeilge amháin, agus iad siúd a raibh an teagasc trí mheascán de Ghaeilge agus Béarla.

Ní raibh ach idir 2% agus 6% daltaí trasna na ngrádleibhéal agus na gcineálacha scoile a raibh an mhatamaitic á múineadh dóibh trí Ghaeilge amháin, ach a rinne an triail trí Bhéarla. Bhí sé chomh neamhghnáthach céanna ag daltaí i rang a Dó SLG an triail a dhéanamh trí Bhéarla, tar éis dóibh an teagasc a bheith acu trí Bhéarla agus trí Ghaeilge – ní raibh ach 4% de dhaltaí sa chatagóir seo – ach bhí sé seo i bhfad níos coitianta i scoileanna Gaeltachta, mar a raibh 48% de dhaltaí rang a Dó a rinne an triail mhatamaitice trí Bhéarla tar éis teagasc na matamaitice a bheith acu i mBéarla agus i nGaeilge. I rang a Sé, bhí 17% de dhaltaí SLG agus 34% de dhaltaí i scoileanna Gaeltachta a raibh teagasc na matamaitice i meascán de Bhéarla agus de Ghaeilge, ach a rinne an triail trí Bhéarla.

I rang a Dó, d'éirigh le daltaí SLG agus scoileanna Gaeltachta araon a rinne an triail mhatamaitice trí Bhéarla meánscór níos airde a fháil nuair a tharla an teagasc trí mheascán Béarla agus Gaeilge, seachas trí Ghaeilge amháin (féach Figiúr 6.1). Bhí pátrún den chineál céanna le feiceáil i rang a Sé, cé nach raibh na difríochtaí suntasach ó thaobh staitistice. I measc na ndaltaí a rinne an triail trí Ghaeilge, ní raibh aon difríochtaí a bhí suntasach ó thaobh staitistice idir na meánscoir acu siúd a raibh an teagasc á fháil acu trí Ghaeilge amháin, agus iad siúd a fuair teagasc trí mheascán de Ghaeilge agus Béarla.

Figiúr 6.1: Meánscoir don mhatamaitic ag daltaí a rinne an triail mhatamaitice i mBéarla, leis an teanga ina raibh an mhatamaitic á múineadh, de réir cineál scoile agus rang



Acmhainní don Teagasc agus don Foghlaim


An t-am a chaitear ar Bhéarla, ar Mhatamaitic agus ar Ghaeilge

Dar le treoirínte an churaclaim (ROE/CNCM, 1999a), ba chóir ceithre huair an chloig a chaitheamh ar an bpríomhtheanga teagaisc (i.e., Gaeilge i gcás scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge), trí huair an chloig go leith ar an dara teanga (i.e., Béarla i gcás scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge) agus ba chóir ar a laghad trí huair an chloig a chaitheamh ar theagasc na matamaitice. Is féidir dhá uair an chloig den “am lánroghnach” a úsáid freisin ar na hachair seo nó ar achair eile den churaclam. Léiríonn Figiúr 6.2 gur sháraigh SLG agus scoileanna Gaeltachta an meán-am atá molta do rang a Sé don Bhéarla, don mhatamaitic agus dom Ghaeilge sa churaclaim. Tá an difríocht thar a bheith

Béarla agus Matamaitic – Teagasc agus Foghlaim

soiléir i gcás na matamaitice mar ar chaith daltaí i rang a Sé, ar an meán, méid go leith an t-am atá molta. Bhí na torthaí ó MN 2009 mar an gcéanna, le 52 nóiméid á chaitheamh mar mheán-am laethúil ag daltaí rang a Sé ar an matamaitic, agus 55 nóiméid á chaitheamh mar mheán-am laethúil acu ar an bpríomhtheanga teagaisc (i.e. Béarla).

Figiúr 6.2: Meán nóiméad tugtha gach lá do theagasc an Bhéarla, na matamaitice agus na Gaeilge, dar le múinteoirí rang a Sé, agus an íosmhéid ama atá luaite i gCuraclam na Bunscoile (CB)



I rang a Dó (nach bhfuil léirithe), chaith daltaí SLG 54 nóiméid mar mheán ar Ghaeilge, 48 nóiméid ar Bhéarla agus 46 nóiméid ar mhatamaitic. I scoileanna Gaeltachta, chaith daltaí 48 nóiméid mar mheán laethúil ar Ghaeilge, 43 ar Bhéarla agus 42 ar mhatamaitic.

Acmhainní Sainiúla don Ghaeilge agus don Mhatamaitic


Dúirt múinteoirí a bhí i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge gur iad na téacsanna foilsithe léitheoireachta an t-acmhainn is mó a bhíonn in úsáid i gceachtanna Béarla. Bhí thart ar ceithre-chúigiú de dhaltaí rang a Dó agus thart ar trí-chúigiú de dhaltaí rang a Sé i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge i ranganna ina ndúirt múinteoirí go raibh scéimeanna foilsithe léitheoireachta in úsáid acu gach lá. Bhí beagnach gach dalta i ranganna ina raibh siad in úsáid ar a laghad gach seachtain. Baineadh úsáid go forleathan freisin as leabhair oibre agus bileoga oibre; arís, bhí beagnach gach dalta i ranganna a Dó agus a Sé i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge agus, i MN 2009, i ranganna ina raibh leabhair oibre agus bileoga oibre á n-úsáid go seachtainiúil ar a laghad.

I ranganna a Dó agus a Sé araon agus trasna gach cineál scoile, bhí úsáid téacsleabhar do mhúineadh na matamaitice an-choitianta. Bhain tromlach mór na ndaltaí úsáid as téacsleabhair i *ngach ceacht nó a bhformbór* agus d'úsáid beagnach gach dalta téacsleabhair go seachtainiúil ar a laghad. Baineadh úsáid go forleathan freisin as leabhair oibre agus as bileoga oibre, go háirithe i rang a Dó. Baineadh úsáid go forleathan as leabhair tháblaí, ábhair dhílse, láimhseoga agus cluichí matamaitice i rang a Dó ach níor baineadh an úsáid chéanna astu i rang a Sé. Thuairiscigh níos mó ná leath de dhaltaí rang a Sé (63% i SLG agus 58% i scoileanna Gaeltachta) nár bhain siad úsáid riamh as leabhair tháblaí sna ceachtanna matamaitice.

Ag an dá leibhéal ranga, iarradh ar dhaltaí maidir leis an úsáid a bhí á baint acu as trealamh matamaitice i ranganna matamaitice. I rang a Dó, iarradh ar dhaltaí ar bhain, nó nár bhain, siad úsáid go minic as trealamh, ar nós meá-scálaí nó miosúir, chun fadhbanna a réiteach. I rang a Sé, iarradh ar dhaltaí cé chomh minic agus a bhain siad úsáid as an trealamh seo, i.e., *ní tharlaíonn sé riamh, anois is arís, go minic, nó an t-am go léir*. Léiríonn Figiúr 6.3 go bhfuil

trealamh matamaitice in úsáid go forleathan i rang a Dó, ach go mbaintear i bhfad níos lú úsáide as trealamh i rang a Sé.

Figiúr 6.3: Céatadáin daltaí a bhaineann úsáid go rialta as trealamh matamaitice chun fadhbanna a réiteach sa rang matamaitice, de réir rang agus cineál scoile



Úsáid acmhainní gceachtanna matamaitice

Thuiriscigh múinteoirí úsáid i bhfad níos forleithne ar acmhainní dílse, ar láimhseoga agus ar chluichí matamaitice i rang a Dó seachas rang a Sé. Thuiriscigh daltaí freisin níos mó trealamh a bheith in úsáid i rang a Dó seachas rang a Sé. Ba théacsleabhair agus leabhair oibre na príomhacmhainní a bhí in úsáid do cheachtanna matamaitice rang a Sé

Teicneolaíocht

I rang a Sé, bhí 65% de dhaltáí SLG agus 46% de dhaltáí Gaeltachta i seomraí ranga inar úsáideadh teilgeoir digiteach nó CBI (nó an dá cheann) ar a laghad uair amháin sa tseachtain do cheachtanna Béarla. Ba bheag teicneolaíocht a úsáideadh, áfach, sna ceachtanna Béarla ag an cúigiú cuid de dhaltáí rang a Sé i SLG agus ag an tríú cuid de dhaltáí Gaeltachta; thuiriscigh múinteoirí na ndaltáí seo úsáid an CBI ná an teilgeoir digiteach a bheith *ag tarlú go hannamb*, nó *gan a bheith ag tarlú riamh*.

Bhí idir 40% agus 50% de dhaltáí rang a Sé ó scoileanna Gaeltachta agus SLG i seomraí ranga inar thuiriscigh an múinteoir go raibh an CBI in úsáid ar a laghad uair sa tseachtain (i.e., *i ngach ceacht nó a bhformbór nó uair nó dhó sa tseachtain*) don Bhéarla, don mhatamaitic nó don Ghaeilge. Bhí, áfach, tromlach beag de dhaltáí rang a Sé (30% i SLG agus 46% i scoileanna Gaeltachta) i seomraí ranga inar thuiriscigh múinteoirí úsáid an CBI a bheith *ag tarlú go hannamb* nó *gan a bheith ag tarlú riamh* don Bhéarla; ar ndóigh, baineann sé seo i gcásanna áirithe le gan fáil a bheith ar CBI.

Bhí céatadáin shuntasacha de dhaltáí rang a Dó agus a rang a Sé a dúirt go raibh ríomhairí don mhatamaitic in úsáid acu *go hannamb* nó *nach raibh siad in úsáid riamh*. I SLG, ba iad na figiúirí ná 36% i rang a Dó agus 45% i rang a Sé, agus i scoileanna Gaeltachta, bhí 20% de dhaltáí rang a Dó agus 23% de dhaltáí rang a Sé a bhain úsáid as ríomhairí don mhatamaitic *go hannamb*, nó *nar bhain úsáid astu riamh*. I MN 2009, bhí 42% de dhaltáí rang a Dó agus 30% de dhaltáí rang a Sé sa chatagóir seo.

Ní raibh ach dalta as gach deichniúr i rang a Sé a dúirt gur bhain siad úsáid as áireamhán i gceachtanna matamaitice *go minic* nó *i gcónaí* cé gur thug 80% le fios gur bhain siad úsáid astu *anois is arís*. Thuiriscigh múinteoirí go raibh thart ar leath de na daltaí a bhí ag baint úsáide as áireamhán ar a laghad uair sa tseachtain don mhatamaitic. Dar le múinteoirí, ba iad na cúiseanna ba mhó le húsáid na n-áireamhán i ranganna matamaitice ná: freagraí a sheiceáil; gnátháirimh a dhéanamh; coincheapanna uimhris a fhorbairt; agus scileanna meastacháin a fhorbairt.

Measúnuithe Neamhchaighdeánaithe

I ranganna a Dó agus a Sé i ngach ceann de na cineálacha scoile agus thar na trí réimsí ábhar, baineadh úsáid go forleathan as ceistiúchán an mhúinteora mar mhodh don mheasúnú ar dhul chun cinn daltaí. Bhí na daltaí go léir nach mór i ranganna inar thuairiscigh múinteoirí go raibh an modh measúnaithe seo in úsáid acu *ar a laghad uair nó dhó sa tseachtain nó ar a laghad uair sa mhí*. Bhí anailís earráide, féinmheasúnú an dalta, trialacha múinteoir-chumtha, seicliostaí múinteoir-chumtha agus breathnóireachtaí doiciméadaithe mar mhodhanna eile don mheasúnú a bhí in úsáid ar a laghad uair sa mhí ag múinteoirí chéatadáin shuntasacha daltaí (ar a laghad leath acu sa léitheoireacht Bhéarla nó sa mhatamaitic). Bhí anailís earráide in úsáid níos minicí don mheasúnú ar léitheoireacht Bhéarla ag ranganna a Dó agus a Sé araon ná don mheasúnú ar mhatamaitic agus ar Ghaeilge. Ní raibh an úsáid chéanna á baint as punainn mhachnamhacha, as trialacha foilsithe ar dhul chun cinn, as seicliostaí ná as próifílí curaclaim. Ní hionadh ar ndóigh, i ngeall ar fheidhm na dtástálacha dhiagnóiseacha, gur céatadáin bheaga de dhaltaí a bhí i ranganna inar thuairiscigh múinteoirí go raibh úsáid á baint astu seo *ar a laghad uair sa mhí*.

Príomhphointí

- Bhí an mhatamaitic á múineadh trí Ghaeilge do thart ar 80% de dhaltaí rang a Dó i Scoileanna Lán-Ghaeilge (SLG) cé nach raibh ach thart ar leath de na daltaí i rang a Sé á múineadh trí Ghaeilge agus an leath eile trí mheascán de Ghaeilge agus Béarla. I scoileanna Gaeltachta, bhí an mhatamaitic á múineadh go hiomlán trí Ghaeilge do thart ar leath de na daltaí ag an dá rangleibhéal agus bhí an leath eile á múineadh trí mheascán de Ghaeilge agus Béarla. Ní raibh múineadh na matamaitice trí Bhéarla amháin ag aon dalta a bhí i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge.
- Ba í an phríomhfhadhb a bhí aitheanta ag múinteoirí a bhí ag múineadh na matamaitice trí mheán na Gaeilge amháin ná an chastacht a bhain le foclóir na matamaitice.
- Cé go moltar i gCuraclam na Bunscoile níos mó ama a chaitheamh ar an bpríomhtheanga an ná ar mhatamaitic dúirt múinteoirí i scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge gur chaith siad, ar an meán, an méid ama céanna leis an dá theanga. Bhí an meánmhéid ama a tugadh do theagasc na matamaitice go háirithe níos mó ná mar a moltar sna doiciméid churaclaim.
- Bhí thart ar leath de dhaltaí rang a Sé i seomraí ranga inar thuairiscigh múinteoirí go raibh áireamhain á n-úsáid ar a laghad uair sa tseachtain sna ceachtanna matamaitice. Bhí mionlach substaintiúil de dhaltaí rang a Sé (15% i SLG, 9% i scoileanna Gaeltachta agus 22% i MN 2009) i ranganna inar thuairiscigh múinteoirí go raibh áireamhain in úsáid go hannamh nó nár baineadh úsáid astu ag aon am.
- Tuairiscíodh go raibh ceistiúchán an mhúinteora mar an módh measúnaithe neamhchaighdeánaithe is mó a bhí in úsáid do léitheoireacht Bhéarla agus do mhatamaitic. Bhí úsáid sách forleathan á baint freisin as anailís earráidí don mheasúnú ar léitheoireacht Bhéarla ach gan an úsáid a bheith chomh forleathan céanna i gcás na matamaitice. Bhí thart ar leath de dhaltaí rang a Sé i seomraí ranga inar baineadh úsáid as féin-mheasúnú an dalta ar a laghad uair sa mhí don mheasúnú ar léitheoireacht Bhéarla agus Ghaeilge. Baineadh níos lú úsáide as measúnuithe de chineálacha eile ar nós dialanna breathnóireachta, punainn, trialacha nó seicliostaí foilsithe ar dhul chun cinn, próifílí curaclaim agus tástálacha diagnóiseacha.

Caibidil 7

Gnóthachtáil a Thuiscint

I gcaibidí roimhe seo, tugadh roinnt anailís dhé-athráideach ar na comhcheangail idir gnóthachtálacha daltaí sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic agus tréithe scoile nó clainne. Sa chaibidil seo, déantar anailís ar na sonraí céanna ag baint úsáide as samhlacha coincheapúla níos casta.

Meánstádas Socheacnamaíoch Scoile agus Meánghnóthachtáil ag Rang a Sé

I Measúnachtaí Náisiúnta 2009 (MA 2009) bhí comhghaol deimhneach, a bhí suntasach ó thaobh staitistice, idir meánstádas socheacnamaíoch scoile agus meánghnóthachtáil scoile sa léitheoireacht i rang a Sé ($r=.79$). ag scoileanna ina ndearna ar a laghad 15 dalta as rang a Sé an triail léitheoireachta. Ar an dul céanna, bhí comhghaol deimhneach i Scoileanna Lán-Ghaeilge (SLG), a bhí suntasach ó thaobh staitistice, idir meánstádas socheacnamaíoch scoile agus meánghnóthachtáil scoile sa léitheoireacht i rang a Sé ($r=.59$) ag scoileanna ina ndearna ar a laghad 15 dalta as rang a Sé an triail léitheoireachta. Léiríonn Tábla 7.1 na meánstádais shocheacnamaíoch agus na scóir léitheoireachta do dhaltaí ina ndearna ar a laghad 15 dalta an triail léitheoireachta.

Tábla 7.1: Meánstádas socheacnamaíoch leibhéal scoile agus meánghnóthachtáil léitheoireachta leibhéal scoile, rang a Sé (scoileanna ina ndearna ar a laghad 15 dalta an triail léitheoireachta¹)

	SLG Meán	Gaeltacht Meán	MN 2009 Mean
Meánstádas socheacnamaíoch leibhéal scoile	54.0	48.7	48.3
Meánghnóthachtáil rang a 6 sa léitheoireacht ag leibhéal scoile	265.2	256.0	249.0

¹Ba iad céatadán na scoileanna le 15 trialacha léitheoireachta ar a laghad déanta: SLG 71%; Gaeltacht 11%; agus MN 2009 40%.

Ag baint úsáide as meán-scoile do ghnóthachtáil na léitheoireachta i rang a Sé i MN 2009 mar athróg spleách (toraidh), léirigh anailís fheidhmeach go raibh baint ag méadú aonphointe sa mheán-scoile don stádas socheacnamaíoch comhghalomhar le méadú 2.5 pointe sa mheán-scoile do ghnóthachtáil na léitheoireachta i rang a Sé. Ag baint úsáide as an eolas ó MN 2009 agus ag breathnú ansin ar SLG, rinneadh an bhearna *ionchais* idir meánghnóthachtáil na léitheoireachta i MN 2009 agus meánghnóthachtáil na léitheoireachta i SLG, bunaithe ar mheán-scoile don stádas socheacnamaíoch, a mheas. Measadh é seo a bheith ag 14 pointí. Ba í an bhearna *bhreachnaithe* ná 16 pointí. Dá bhrí sin, tá meánghnóthachtáil na léitheoireachta i SLG mórán mar a mbeifí ag súil léi, i ngeall ar an meánstádas socheacnamaíoch sna scoileanna seo.

Rinneadh anailís den chineál céanna chun iniúchadh a dhéanamh ar an ngaol idir meánghnóthachtáil matamaitice scoile agus meánstádas socheacnamaíoch scoile. Arís, tugtar staitisticí tuairisciúla sula ndírítear ar an aschur ar chúlchéimniú. Tugann Tábla 7.2 na meáin, na hearráidí caighdeánacha agus na dialltaí caighdeánacha do mheánstádas socheacnamaíoch scoile agus do mheánghnóthachtáil scoile rang a Sé don mhatamaitic i SLG, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna MN 2009 ina ndearna ar a laghad 15 daltaí i rang a Sé an triail mhatamaitice. Is ábhar spéise go raibh comhghaol .65 idir meánghnóthachtáil scoile don

Gnóthachtáil a Thuiscint

mhatamaitic agus meánstádas socheacnamaíoch i scoileanna ina ndearna ar a laghad 15 dalta i rang a Sé an triail mhatamaitice i MN 2009. Is é a bhí mar chomhghaol comhfhreagrach i SLG, ina ndearna ar a laghad 15 daltaí i rang a Sé an triail mhatamaitice. ná .40.

Tábla 7.2: Meánstádas socheacnamaíoch leibhéal scoile agus meánghnóthachtáil sa mhatamaitic leibhéal scoile, Rang a Sé (scoileanna ina ndearna ar a laghad 15 dalta an triail mhatamaitice amháin)

	SLG Meán	Gaeltacht Meán	MN 2009 Meán
Meánstádas socheacnamaíoch leibhéal scoile ¹	54.1	48.7	48.4
Meánghnóthachtáil rang a 6 sa mhatamaitic leibhéal scoile	251.8	250.9	248.8

¹Tá éagsúlachtaí beaga sna luachanna seachas mar atá i dTábla 7.1 toisc go ndearnadh na luachanna a áireamh bunaithe ar na daltaí a rinne na trialacha matamaitice

Ag baint úsáide as sonraí MN 2009, léiríonn cúlchéimniú líneach go raibh, ar an meán, méadú aon phointe sa mheánstádas socheacnamaíoch scoile ag comhfhreagairt do mhéadú 2.4 pointe i meánghnóthachtáil na scoile sa mhatamaitic. Ba í an bhearna *ionchais* idir MN 2009 agus SLG ná 14 pointí. Níl meánghnóthachtáil *bbreathnaithe* na matamaitice do SLG ach 3 phointe níos airde ná an meán i MN 2009 (Tábla 7.2). Dá réir sin, tá an bhearna *bbreathnaithe* (3 phointe) idir SLG agus MN 2009 i bhfad níos lú ná an bhearna *ionchais* (14 pointí).


I MN 2009, mhínigh an meánstádas socheacnamaíoch scoile an éagsúlacht sa bhreis sa mheánghnóthachtáil don léitheoireacht ($R^2=.62$) ná sa mheánghnóthachtáil don mhatamaitic ($R^2=.42$). Dá réir sin, is fáistineoir níos fear meánstás socheacnamaíoch scoile ar an meánghnóthachtáil scoile sa léitheoireacht ná ar an meánghnóthachtáil scoile sa mhatamaitic.

Difríochtaí sa Ghnóthachtáil idir Scoileanna

Chun cothroime a thabhairt don fhócas sa chaibidil seo, déantar iniúchadh sa chuid eile den chaibidil ar na sonraí do rang a Dó, cé go ndéantar, de réir mar a oireann, tagairt do rang a Sé.

Tugtar léiriú grafach i bhFigiúr 7.1 ar chéatadáin na n-éagsúlachtaí i ngnóthachtáil na léitheoireachta agus na matamaitice i rang a Dó atá inchurtha i leith éagsúlachtaí idir scoileanna agus éagsúlachtaí idir dhaltaí laistigh de scoileanna.

Figiúr 7.1: Meastacháin sna héagsúlachtaí gnóthachtála i rang a Dó atá idir scoileanna agus laistigh de scoileanna, de réir réimse agus cineál scoile



Tá an éagsúlacht idir scoile sa ghnóthachtáil don léitheoireacht i rang a Dó roinnt bheag níos ísle i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge ná i MN 2009; m.sh. i rang a Dó, ní féidir ach 6-8% den éagsúlacht sa ghnóthachtáil don léitheoireacht i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge a chur i leith difríochtaí idir scoileanna i gcomparáid le

15% i MN 09 (Figiúr 7.1). Tá, áfach, na hearráidí caighdeánacha a bhaineann leis na comhpháirteanna athraithe sách mór agus ní féidir linn dá réir a bheith cinnte go bhfuil scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge níos aonchineálaí maidir le gnóthachtáil léitheoireachta ná scoileanna MN 2009. Ar an dul céanna i rang a Sé i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, tá céatadán éagsúlachta níos ísle sa ghnóthachtáil léitheoireachta idir scoileanna (SLG: 7%, Gaeltacht: 6%; MN 2009: 16%), ach arís, tá na hearráidí caighdeánacha mór.

Sa mhatamaitic, tá an éagsúlacht idirscoile sa ghnóthachtáil do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge ar aon dul le MN 09; m.sh. i rang a Dó, is féidir 25% den éagsúlacht i ngnóthachtáil na matamaitice i SLG¹ a chur i leith éagsúlachtaí idir scoileanna i gcomparáid le 21% i MN 09. Ar an dul céanna, i rang a Sé, tá na céatadán éagsúlachta sa ghnóthachtáil matamaitice mar an gcéanna i SLG (17%), Gaeltacht (15%) agus MN 2009 (23%) agus arís, tá na hearráidí caighdeánacha bainteach leis na comhpháirteanna athraithe sách mór.

Gnóthachtáil sa Léitheoireacht i Rang a Dó i SLG a thuiscint

Sa chuid seo, breathnaítear go comhuaineach ar an gceangal idir ghnóthachtáil agus roinnt tréithe, ag baint úsáide as creat múnlaíthe il-leibhéil. Tugann a leithéid deis breathnú, mar shampla, ar an gceangal idir léitheoireacht dhaltaí mar chaitheamh aimsire agus a ngnóthachtáil sa léitheoireacht, ach tréithe eile dalta agus scoile á smachtú. Laghdaíonn an cur chuige seo an baol míthuisceana sa ghaol idir ghnóthachtáil agus tréith spéise.

Dírítear ar dhaltaí rang a Dó mar is ábhar spéise polasaí é a fháil amach an bhfuil baint shuntasach idir thréithe scoile agus baile agus an luathghnóthachtáil sa léitheoireacht. Rinneadh an samhail a fhorbairt do SLG toisc go raibh an éagsúlacht idirscoile i ngnóthachtáil na léitheoireachta i rang a Dó beagán níos airde i SLG ná i scoileanna Gaeltachta. Baintear úsáid as an léitheoireacht mar athróg toraidh toisc go bhfuil sainspéis polasaí ag baint le gnóthachtáil dhaltaí ó scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge i léitheoireacht an Bhéarla.

Is féidir tuilleadh eolais faoi phróiseas an mhúnlaíthe a fháil i bpríomhthuairisc NAIMS (Gilleece et al., 2011). Déantar tuairisciú anseo ar na príomhthorthaí.

Ag leibhéal scoile, ní raibh ach athróg amháin – méid an rollaithe scoile i rang a hAon² – a bhí suntasach ó thaobh staitistice sa tsamhail dheireanach (Tábla 7.3). Bhí gach dalta breise a bhí rollaithe i rang a hAon bainteach le méadú 0.3 pointe sa meánghnóthachtáil léitheoireachta. Níl difríocht shuntasach idir an meastachán paraméadair ar mhéid an rollaithe i rang a hAon sa tsamhail dheireanach (0.3) ón meastachán paraméadair sa tsamhail nialasach (0.38). Tugann sé seo le fios go bhfuil an gaol idir méid scoile agus gnóthachtáil léitheoireachta neamhspleách ar an mórgóir ó na hathróa eile sa tsamhail dheireanach. Níl sé soiléir cén fáth go bhfuil gaol idir méid rollaithe i scoileanna níos mó agus meánghnóthachtáil níos airde sa léitheoireacht, cé go mb'fhéidir go mbaineann méid níos lú daltaí i scoileanna nach bhfuil bunaithe chomh fada sin le gan barrfheabhas i nósanna imeachtaí agus i gcur chuigí a bheith bainteach amach.³ Toisc go bhfuil an difríocht idirscoile do ghnóthachtáil léitheoireachta i rang a

¹ Ní léir conas mar a bhaineann athraitheas i ngnóthachtáil na matamaitice le teanga an teagaisc i ranganna matamaitice ná leis an teanga ina ndearna daltaí an triail mhatamaitice.

² Don samhail, baineadh úsáid as méid rollaithe i rang a hAon mar sheachtháscaire ar mhéid scoile mar ceaptar comhathrú a bheith idir méid rollaithe agus bliain oscailte scoile (pé acu roimh 2001-02, nó ina dhiaidh).

³ Breathnaíodh ar shamhail éagsúl ina raibh meánstádas socheacnamaíoch scoile mar an t-aon athróg scoil-leibhéil. Bhí an téarma don meánstádas socheacnamaíoch scoile suntasach ó thaobh staitistice freisin, cé gur scaoileadh leis an téarma seo ón samhail tar éis úsáid a bhaint as an stráitéis samhaltaithe.

Gnóthachtáil a Thuiscint

Dó i SLG íseal (8%), níl ann ach cuid bheag den athraitheas iomlán agus b'fheidir dá bhrí sin nach aon ionadh gur beag athróg ag leibhéal scoile sa tsamhail dheireanach atá suntasach ó thaobh staitistice.

Tábla 7.3: Athróga sa tsamhail dheireanach il-leibhéal do ghnóthachtáil na léitheoireachta – Rang a Dó, SLG

Athróga Suntasacha Scoile	Athróga Suntasacha Dalta
Méid Scoile (Rang a hAon)	Teilifís ag an dalta ina s(h)eomra leapa (Tá/Níl) Stádas Socheacnamaíoch Teaghlaigh (Leanúnach) Léann daltaí don taitneamh ó am go ham ar a laghad (Tá/Níl) Am tugtha don obair bhaile (Leanúnach) An méid leabhar Béarla agus Gaeilge sa bhaile (Leanúnach)

Le gach rud eile cothrom, ghnóthaigh daltaí a thug le fios go raibh teilifís acu ina seomra leapa meánscór a bhí 17 pointe níos ísle ná daltaí nach raibh teilifís acu sa seomra leapa. Is ionann a leithéid de dhifríocht agus thart ar aon-tríú de dhiall caighdeánach ar scála gnóthachtála na léitheoireachta.

Bhí athrú diall caighdeánach amháin i stádas socheacnamaíoch dalta comhghaolmhar le hathrú cúig phointe nach mór i ngnóthachtáil na léitheoireachta. Léiríonn sé seo gaol sách lag idir stádas socheacnamaíoch teaghlaigh agus gnóthachtáil nuair a dhéantar na hathrógacha eile sa tsamhail a smachtú.

Bhí scór ar a laghad deich bpointe níos airde ag daltaí a dúirt gur léigh siad mar chaitheamh aimsire ar a laghad ó am go ham ná mar a bhí ag daltaí a dúirt nár léigh siad mar chaitheamh aimsire.

Má bhí gach rud eile mar an gcéanna, bhí an t-am breise a bhí á chaitheamh ar an obair bhaile Béarla (mar a thuairiscigh tuismitheoirí) bainteach le gnóthachtáil níos ísle sa léitheoireacht. Ar an meán, bhí scór naoi bpointe níos airde ag na daltaí a chaith an méid is lú ama ar obair bhaile (i.e. diallphointe amháin faoi bhun an mheánama) ná mar a bhí ag daltaí a chaith am meánach ar obair bhaile (i.e. meánmhéid ama); bhí dá réir meánscór a bhí seacht bpointe níos airde ag na daltaí seo sa bhreis ar dhaltaí a chaith an méid is mó ama ar an obair bhaile Béarla (i.e. diallphointe amháin os cionn an mheánama). Is dócha gur féidir an gaol diúltach idir an méid ama a chaitear ar obair bhaile agus an ghnóthachtáil sa léitheoireacht a mhíniú toisc go mbíonn níos mó ama ag teastáil ó dhaltaí níos laige chun na tascanna don obair bhaile a chríochnú.

Ní raibh aon idirghníomhúcháin crosleibhéal ná aon athruithe fána randamacha a bhí suntasach ó thaobh staitistice sa tsamhail. Nuair nach mbaintear úsáid ach as stádas socheacnamaíoch an dalta mar réamhtháscaire athróige, tugann an tsamhail míniú ar an t-athraitheas 43% idir-scoileanna agus an t-athraitheas 4% laistigh de scoileanna. Nuair a baintear úsáid as stádas socheacnamaíoch an dalta agus as comhthéacs baile (i.e. méid na leabhar sa bhaile, an dalta ag léamh mar chaitheamh aimsire sa bhaile, an t-am a thugtar don obair bhaile, agus teilifís a bheith ag an dalta ina s(h)eomra leapa) mar athróga mínitheacha, is féidir míniú a thabhairt don athraitheas 54% idir scoileanna agus don athraitheas 16% laistigh de scoileanna.

Nuair a bhíonn an t-aon fháistineoir suntasach ag leibhéal scoile san áireamh (méid an rollaithe scoile i Rang a hAon) ciallaíonn sé gur féidir leis an tsamhail míniú a thabhairt ar an athraitheas 67% idir scoileanna agus ar an athraitheas 16% laistigh de scoileanna. Ar an iomlán, tugann an tsamhail míniú ar an athraitheas iomlán 19.8% i ngnóthachtáil na léitheoireachta i rang a Dó i SLG.

Bhí nádúr na gceisteanna ar cheistneoir na ndaltaí mar fhadhb a bhain go ginearálta leis an iarracht ar ghnóthachtáil sa léitheoireacht a shamhaltú ag rang a Dó sa staidéar reatha. Chun ualach na léitheoireachta a laghdú go leibhéal aois-oiriúnach, cuireadh ceisteanna déscartha i láthair dhaltaí rang a Dó ach iarradh ar dhaltaí rang a Sé minicíocht a chur in iúl ag baint úsáide as scála ceithre-phointe. Níor cheadaigh an leagan amach ar cheisteanna déscartha idirdhealuithe caolchúiseacha a dhéanamh idir daltaí i rang a Dó.

Príomhphointí

- Díríonn an chaibidil seo go príomha ar Scoileanna Lán-Ghaeilge (SLG) agus ar MN 2009 seachas scoileanna Gaeltachta mar cruthaíonn na huimhreacha beaga ar rollaí na scoileanna Gaeltachta roinnt fadhbanna le nósanna imeachta staitistiúla.
- Tá an meánscór leibhéal scoile don léitheoireacht i rang a Sé i SLG mórán mar a mbeifí ag súil leis, i bhfianaise meánstádas socheacnamaíoch na scoileanna seo ag leibhéal scoil.
- Tá an meánscór leibhéal scoile don mhatamaitic i SLG beagán níos ísle ná mar a mbeifí ag súil leis, i bhfianaise mheánstádais shocheacnamaíoch na scoileanna seo ag leibhéal scoile.
- Tá an meánstádas socheacnamaíoch scoile i gcomhchoibhneas níos láidre leis an ngnóthachtáil don léitheoireacht i rang a Sé seachas mar atá do ghnóthachtáil na matamaitice.
- Léirigh samhail il-leibhéal do ghnóthachtáil na léitheoireachta i rang a Dó i SLG nach raibh ach tréith amháin ag leibhéal scoile bainteach go suntasach le gnóthachtáil sa léitheoireacht, nuair a cuireadh tréithe dalta san áireamh. Bhí gnóthachtáil léitheoireachta níos airde ag daltaí bainteach le méid rollaithe scoile níos airde (ag baint úsáide as an rollú ag rang a hAon mar sheachtháscaire ar méid iomlán rollaithe).
- Ag leibhéal an dalta, bhí comhghaol diúltach a bhí suntasach ó thaobh staitistice idir an ghnóthachtáil sa léitheoireacht agus teilifís a bheith ag an dalta ina s(h)eomra leapa. Tagann sé seo leis na torthaí ag Eivers et al. (2010a) a fuair amach i MN 2009 go raibh scóir a bhí níos ísle go suntasach ag daltaí a raibh teilifís acu ina seomraí leapa.
- Léirigh na tsamhail freisin go riabh stádas socheacnamaíoch níos airde, níos mó leabhar a bheith sa bhaile agus níos mó ama á chaitheamh ar léitheoireacht don taitneamh, bainteach go dearfach le gnóthachtáil sa léitheoireacht. Míníonn na hathróga i dtimpeallacht an bhaile, ar nós leabhair a bheith sa bhaile agus níos mó ama a bheith á chaitheamh ar an léitheoireacht don taitneamh, an t-athraitheas breise sa ghnóthachtáil de bhreis ar stádas socheacnamaíoch.
- Bhí ceangal diúltach idir níos mó ama a bheith á chaitheamh ar obair bhaile Béarla agus gnóthachtáil. Is dócha go mbaineann sé seo le níos mó ama a bheith á chaitheamh ar an obair bhaile ag daltaí a mbíonn an ghnóthachtáil is ísle acu.
- Mhínigh na tsamhail an 67% san athraitheas idir scoileanna agus an 16% san athraitheas laistigh de scoileanna. Tá siad seo mórán mar an gcéanna leis na céatadáin atá mínithe i bhfoilseachán eile a tháinig ar shamhail do ghnóthachtáil na léitheoireachta ag leibhéal an bhunoideachais in Éirinn (Smyth et al., 2009). Mhínigh samhail ar litearthacht léitheoireachta i mbunscoileanna faoi mhíbhuntáiste, a bhí ar fáil roimhe sin, athraitheas idir scoileanna (69%) den chineál céanna ach athraitheas níos mó laistigh de scoileanna (29%) (Sofroniou, 2004).

Sa chaibidil seo cuirtear moltaí ar fáil a eascraíonn ó na Measúnachtaí Náisiúnta ar léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Tá an réasúnaíocht iomlán a bhaineann le gach moladh tugtha i bpríomhthuarascáil an staidéir (Gilleece et al., 2011). Tá na moltaí arna cheapadh chun comhlánu a dhéanamh orthu siúd a cuireadh i láthair i *Measúnú Náisiúnta 2009 ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla* (Eivers et al., 2010a), agus ar na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa *Stráitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimbearthacht a Fheabhsú 2011-2020* (ROS, 2011a) agus a bhfuil curtha leis in *Imlitir 0056/2011, Céimeanna Tosaigh maidir le Cur Chun Feidhme na Stráitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimbearthachta* (ROS, 2011b), a eisíodh go scoileanna nuair a bhí an tuarascáil seo á chríochnú.

Gnóthachtáil sa Léitheoireacht Bhéarla

1. Ba chóir do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge leanúint le monatóireacht chúramach a dhéanamh ar ghnóthachtáil daltaí a bhíonn mbaol maidir le deacrachtaí sa léitheoireacht Bhéarla, an tslí ina bpléann siad le héilimh bhreise sa litearthacht Bhéarla agus Ghaeilge, agus an tslí ina bhfreagraíonn siad don tacaíocht a bhíonn le fáil acu ar scoil agus sa bhaile.
2. Ba chóir do scoileanna Gaeltachta níos mó béime a chur ar an bhforbairt ar scileanna léitheoireachta an Bhéarla (Iniúchadh agus Breithniú), go háirithe sna ranganna Sinsearacha.

Gnóthachtáil sa Mhatamaitic

3. Ar aon dul le fáil a bheith ag daltaí ar an gcuraclam iomlán trí mheán na Gaeilge, ba chóir do Scoileanna Lán-Ghaeilge níos mó béime a chur ar réasúnaíocht agus ar réiteach fadhbanna sa mhatamaitic sna ranganna Sinsearacha, agus aird ar leith a dhíriú ar fhorbairt agus ar úsáid na teanga matamaiticiúla i nGaeilge nuair a bhíonn daltaí ag plé le réasúnaíocht agus le réiteach fadhbanna.
4. Ba chóir níos mó taighde cháilíochtúil a dhéanamh ar an teagasc ar réasúnaíocht agus ar réiteach fadhbanna sa mhatamaitic do ranganna Sinsearacha i scoileanna, agus béim á chur ar na héagsúlachtaí sa chaint theagascach, sa réim teanga agus sa rannpháirtíocht trasna na SLG, idir na SLG, na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán an Bhéarla.

Gaolmhaireacht idir Stádas Socheacnamaíoch agus Gnóthachtáil

5. Ar aon dul leis an *Stráitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimbearthacht a Fheabhsú*, ba chóir do scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge tabhairt faoin ngnóthachtáil i litearthacht na léitheoireachta a ardú, agus ba chóir dóibh aird a thabhairt ar a stádas socheacnamaíoch nuair a bhíonn spriocanna á aithint agus iad á n-ailíniú leis an bplean.
6. Ar aon dul leis an *Stráitéis Náisiúnta*, ba chóir do scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge tabhairt faoin ngnóthachtáil sa mhatamaitic a ardú. Ba chóir do Scoileanna Lán-Ghaeilge díriú go háirithe ar na ranganna Sinsearacha, mar ar chóir monatóireacht ghéar a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-ardghnóthachtálaithe.

7. Ba chóir do SLG sa Chlár Tacaíochta Scoile (CTS) faoi DEIS monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an ngnóthachtáil ar mhaithe leis na bearnaí i gcomparáid le scoileanna neamh-CTS sa Bhéarla agus sa mhatamaitic a laghdú go suntasach, sna ranganna Sóisearacha agus Sinsearacha araon. Ba chóir dóibh taighde ábhartha ar theagasc éifeachtach teanga, litearthachta agus uimhearthachta a bheith mar threoir acu agus é seo ar bun acu.
8. Ba chóir do scoileanna Gaeltachta sa CTS faoi DEIS leanúint le monatóireacht chúramach ar ghnóthachtáil dhaltaí i léitheoireacht an Bhéarla nuair a thosaíonn an teagasc foirmiúil, agus ba chóir dlús a chur leis an obair ar léitheoireacht Bhéarla agus ar réimsí ábhartha eile (m.sh., an obair ó bhéal) lena dheimhniú go ndéanann daltaí dul chun cinn sásúil, fiú muna bhfuil Béarla mar chéad theanga acu.
9. Ba chóir don ROS agus d'eagraíochtaí ábhartha comhairle a chur ar scoileanna sa CTS a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge maidir le cur chuig éifeachtacha, taighde-bhunaithe don luathú ar ghnóthachtáil dhaltaí a bhíonn i mbaol sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic. Ba chóir comhthéacs dátheangach na scoile a chur san áireamh, ar a n-áirítear teanga theagaisc thús na léitheoireachta.
10. Ba chóir don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta aird a thabhairt ar riachtanais na scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge nuair a bhíonn an curaclam nua comhtháite do theanga sna bunscoileanna á ullmhú aici.

An Teanga do Theagasc na Léitheoireachta

11. Ba chóir tuilleadh taighde a dhéanamh ar éifeacht mhodhanna éagsúla do thús na léitheoireachta i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, ar a n-áirítear an éifeacht a bhaineann le tús a chur le léitheoireacht Bhéarla agus Ghaeilge ag an am céanna agus a mhéid a ullmhaíonn luath-obair ar an teanga páistí chun an curaclam iomlán trí Ghaeilge a rochtain.

An Teanga do Theagasc na Matamaitice

12. Ba chóir do thaighde todhchaí ar scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge iniúchadh níos géire a dhéanamh ar an ngaol idir muinín múinteoirí, mar aon lena gcumas in úsáid na Gaeilge chun scileanna ardoird matamaitice a mhúineadh, agus gnóthachtáil dhaltaí sa mhatamaitic.

Tacaíocht do Dhaltaí i mBaol

13. Ba chóir do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil thacaíochta don teagasc, go háirithe sna ranganna Sinsearacha, ar mhaithe leis an tacaíocht a roinnt sa tslí is gur féidir le gach dalta fáil a bheith acu ar an gcuraclam iomlán, Béarla, matamaitic agus Gaeilge san áireamh.
14. Ba chóir do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, de réir mar is féidir, bealaí a fháil chun na seirbhísí tacaíochta a chomhtháthú sna seomraí ranga mar atá i dtreoirlínte na ROS, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar, ar bhonn riachtanas, don Ghaeilge, don Bhéarla agus don mhatamaitic.

An t-Am a Thugtar don Teagasc

15. Ba chóir do Scoileanna Lán-Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta sa CTS, agus scoileanna a bhfuil a lán daltaí acu nach bhfuil an Béarla mar chéad theanga acu, am breise lánroghnach a chur ar fáil do theagasc an Bhéarla.
16. Ar aon dul leis an *Stráitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú 2011-20*, ba chóir do Scoileanna Lán-Ghaeilge leanúint de bheith ag cur am breise

Moltaí

lánroghnach ar fáil do theagasc na matamaitice, go háirithe sna ranganna Sinsearacha, ar mhaithe le rannpháirtíocht dhaltaí i réasúnaíocht mhatamaiticiúil agus i réiteach fadhbanna neamhghnáthúla a mhéadú.

Rochtain ar Theicneolaíocht agus Úsáid na Teicneolaíochta

17. Ba chóir do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge an raon gníomhaíochtaí ríomhaire-bhunaithe sa mhatamaitic ina mbíonn daltaí i rang a Sé páirteach, go háirithe sonraí a láimhseáil, fadhbanna neamhghnáthúla a réiteach mar aon le tascanna eile a éilíonn smaointeoireacht ardoird, a mhéadú.

Measúnú

18. Ba chóir do mhúinteoirí i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge feidhm a bhaint as raon níos leithne d'uirlísí measúnaithe sna ranganna Béarla agus matamaitice araon, ar a n-áirítear seicliostaí múinteoir-dhéanta, breathnóireachtaí doiciméadaithe, agus punanna foghlama.
19. Mar aon leis na tosaíochtaí náisiúnta, ba chóir don FGL ar litearthacht agus ar uimhearthacht do mhúinteoirí i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, topaicí a chur san áireamh a aithníonn múinteoirí iad a bheith bainteach lena riachtanas reatha. Áirítear don Bhéarla an scríbhneoireacht chruthaitheach, an teanga labhartha, úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), stráitéisí chun daltaí ísealghnóthachtála a theagasc, roghnú téacsanna/acmhainní agus litriú/fónaic. Áirítear don mhatamaitic TFC, an fhorbairt ar scileanna chun fadhbanna a réiteach agus ar scileanna ardoird eile, ranganna ilghrád/difreálú, daltaí ísealghnóthachtála agus daltaí riachtanais speisialta, measúnuithe neamhfhoirmiúla a chur i bhfeidhm, agus daltaí ardghnóthachtála a theagasc.

Rogha agus Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí

20. Ba chóir do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge níos mó oícheanta eolais a eagrú chun tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an tslí inar féidir leo tacú le foghlaim a bpáiste i bpríomhachair an churaclaim.
21. Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann lena bpáistí a bheith páirteach go leanúnach sa léamh mar chaitheamh aimsire, lena mbíonn léite acu sa bhaile agus ar scoil a phlé leo, agus lena mbíonn á bhreathnú acu a mhonatóireacht go háirithe má bhíonn teilifís i seomra leapa a bpáiste.
22. Ba chóir don ROS agus do dhaoine eile tuilleadh taighde a dhéanamh maidir leis an tslí inar féidir le tuismitheoirí gur beag cumas atá acu sa Ghaeilge tacú sa bhaile lena bpáistí atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge ar scoil.

Rannpháirtíocht na nDaltaí

23. Ba chóir tuilleadh taighde a dhéanamh ar an tslí inar féidir tacú le scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge na dearcthaí dearfacha a bhíonn ar dtús ag daltaí mar aon lena bpáirtíocht le Gaeilge a chothabháil ó cheann ceann na bunscolaíochta dóibh, agus é seo dírithe ach go háirithe ar bhuachaillí sna ranganna Sinsearacha.

Foinsí

- Adesope, O. O., Lavin, T., Thompson, T., & Ungerleider, C. (2010). A systematic review and meta-analysis of the cognitive correlates of bilingualism. *Review of Educational Research*, 80, 207-245.
- Bournot-Trites, M., & Reeder, K. (2001). Interdependence revisited: Mathematics achievement in an intensified French immersion program. *Canadian Modern Language Review*, 58, 27-43.
- Cummins, J. (1977). *Immersion education in Ireland: A critical review of Macnamara's findings*. Edmonton, Alberta: Centre for the Study of Mental Retardation, University of Alberta.
- Department of Education. Curriculum Development Unit. (1991). *Report on the national survey of English reading in Irish primary schools 1988*. Dublin: Author.
- Educational Research Centre. (ERC). (2008). Framework for the 2009 National Assessment of English Reading. Dublin: Author. Accessed at: http://www.erc.ie/documents/reading_framework2009.pdf
- Educational Research Centre. (ERC). (2009). Framework and test specifications for the 2009 National Assessment of Mathematics – second and sixth classes. Dublin: Author. Retrieved from: http://www.erc.ie/documents/maths_framework2009.pdf
- Eivers, E., Clerkin, A., Millar, D., & Close, S. (2010b). *The 2009 National Assessments: Technical report*. Dublin: Educational Research Centre. Retrieved from http://www.erc.ie/documents/na2009_technical_report.pdf
- Eivers, E., Close, S., Shiel, G., Millar, D., Clerkin, A., Gilleece, L., & Kiniry, J. (2010a). *The 2009 National Assessments of Mathematics and English Reading*. Dublin: Educational Research Centre. Retrieved from http://www.erc.ie/documents/na2009_report.pdf
- Eivers, E., Shiel, G., Perkins, R., & Cosgrove, J. (2005). *The 2004 National Assessment of English Reading*. Dublin: Educational Research Centre.
- Ganzeboom, H.B., De Graaf, P., & Treiman, D. J. (with De Leeuw, J.). (1992). A standard international socio-economic index of occupational status. *Social Science Research*, 21, 1-56.
- Genessee, F. (1987). *Learning through two languages: Studies of immersion and bilingual education*. Cambridge, MA: Newbury House.
- Gilleece, L., Shiel, G., Clerkin, A., & Millar, D. (2011). *The 2010 National Assessments of English Reading and Mathematics in Irish-medium primary Schools. Main report*. Dublin: Educational Research Centre.
- Government of Ireland. (1998). *Education Act*. Retrieved from: <http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/1998/a5198.pdf>
- Government of Ireland. (2006). Government statement on the Irish language. Retrieved September 1, 2011 from <http://www.pobail.ie/en/IrishLanguage/Strategy/Policy%20Statement%202006.pdf>
- Government of Ireland. (2010). *20 year strategy for the Irish language 2010-2030*. Retrieved from <http://www.pobail.ie/en/IrishLanguage/Strategy/StrategyEnglish.pdf>
- Harris, J. (1984). *Spoken Irish in primary schools*. Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & O’Gorman, M. (2006). *Irish in primary schools: Long-term national trends in achievement*. Dublin: Stationery Office.

- Harris, J., & Murtagh, L. (1987). Irish and English in Gaeltacht primary schools. In G. Mac Eoin, A. Ahlqvist, & D. Ó hAodha (Eds), *Third International Conference on Minority Languages: Celtic papers. Multilingual Matters*, 32, 104-124.
- Harris, J., & Murtagh, L. (1988). National assessment of Irish-language listening and speaking skills in primary-school children. Research issues in the evaluation of school-based heritage-language programmes. *Language, Culture and Curriculum*, 1(2), 85-130.
- Lambert, W.E., Genessee, F., Holobow, N., & Chartrand, L. (1993). Bilingual education for majority English-speaking children. *European Journal of Educational Psychology*, 8(1), 3-22.
- Macnamara, J. (1966). *Bilingualism and education: study of the Irish experience*. Edinburgh: University of Edinburgh Press.
- NCCA (National Council for Curriculum and Assessment). (2007). Language and literacy in Irish-medium schools: Supporting school policy and practice. Dublin: Author. Retrieved from http://www.ncca.ie/uploadedfiles/publications/LL_Supporting_school_policy.pdf.
- Ní Bhaoill, M., & O'Duibhir, P. (2004) *Emergent reading in Gaeltacht and all-Irish schools*. Baile Átha Cliath: An Comhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoilaíochta. Aisgafa ó <http://www.cogg.ie/includes/documents/T%C3%BAAs%20na%20L%C3%A9itheoireachta%20pl%C3%A9ch%C3%A1ip%C3%A9is.pdf>
- Ó hAiniféin, D. (2008). *An t-oidéachas in Éireann: Immersion education in Ireland. Léacht an Chonartha 2008*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Parsons, C., & Lyddy, F. (2009). *Learning to read in Irish and English: A comparison of children in Irish medium, Gaeltacht and English-medium schools in Ireland*. Dublin: An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoileanna.
- ROE/CNCM. (An Roinn Oideachas agus Eolaíochta/An Chomhairle Náisiúnta Curraclaim agus Measúnachta). (1999a). *Curraclam na bunscoile. Réambrá*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- ROE/CNCM. (An Roinn Oideachas agus Eolaíochta/An Chomhairle Náisiúnta Curraclaim agus Measúnachta). (1999b). *Curraclam na bunscoile. Matamaitic. Ábhar*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- ROE. (An Roinn Oideachas agus Eolaíochta). (2007). *Imlitir 0044/2007. Teanga agus litearthacht i ranganna Náisiúnta i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán*. Baile Átha Cliath: Údar.
- ROS. (An Roinn Oideachas agus Scileanna). (2011a). *Litearacht agus uimhearthacht don fhoghlaim agus don saol. An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*. Baile Átha Cliath: Údar.
- ROS. (An Roinn Oideachas agus Scileanna). (2011b). *Litir chiorcláin 0056/2011. Céimeanna tosaigh maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*. Baile Átha Cliath: Údar.
- Smyth, E., Whelan, C.T., McCoy, S., Quail, A., & Doyle, E. (2010). Understanding parental influence on educational outcomes among 9 year olds in Ireland: The mediating role of resources, attitudes and children's own perspectives. *Child Indicators Research* 3, 85-104.
- Sofroniou, N. (2004). A model of reading literacy. In E. Eivers, G Shiel, & F. Shortt, (Eds) *Reading literacy in disadvantaged primary schools*, pp. 145-156. Dublin: Educational Research Centre.
- Turnbull, M., Lapkin, S., & Hart, D. (2001). Grade 3 immersion students' performance in literacy and mathematics: Province-wide results from Ontario (1998-99). *Canadian Modern Language Review*, 58, 9-26.